

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

# C 384



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

5 Deireadh Fómhair 2022

Clár

## II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### An Coimisiún Eorpach

2022/C 384/01

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10696 — ARAMCO OVERSEAS COMPANY / BP EUROPA / LOTOS-AIR BP POLSKA) <sup>(1)</sup> ..... 1

## IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### An Coimisiún Eorpach

2022/C 384/02

Rátaí malairte an euro — 4 Deireadh Fómhair 2022 ..... 2

## V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

### An Coimisiún Eorpach

2022/C 384/03

Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Phoblacht Ioslamach na hIaráine, Chónaidhm na Rúise agus na hÚcráine iad ..... 3

GA

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## GNÍOMHARTHA EILE

### **An Coimisiún Eorpach**

2022/C 384/04	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	14
2022/C 384/05	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	25
2022/C 384/06	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	37

## II

*(Faisnéis)*FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó  
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

## AN COIMISIÚN EORPACH

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi****(Cás M.10696 — ARAMCO OVERSEAS COMPANY / BP EUROPA / LOTOS-AIR BP POLSKA)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 384/01)

An 29 Meán Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(1)</sup>. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10696. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

---

<sup>(1)</sup> IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

## IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó  
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

## AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro <sup>(1)</sup>

4 Deireadh Fómhair 2022

(2022/C 384/02)

1 euro =

Airgeadra	Ráta malairte	Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	CAD	dollar Cheanada
JPY	yen na Seapáine	HKD	dollar Hong Cong
DKK	krona na Danmhairge	NZD	dollar na Nua-Shéalainne
GBP	punt steirling	SGD	dollar Shingeapór
SEK	krona na Sualainne	KRW	won na Cóiré Theas
CHF	franc na hEilvéise	ZAR	rand na hAfraice Theas
ISK	króna na hÍoslainne	CNY	renminbi-yuan na Síne
NOK	krona na hIorua	HRK	kuna na Cróite
BGN	lev na Bulgáire	IDR	rupiah na hIndinéise
CZK	koruna Phoblacht na Seice	MYR	ringgit na Malaesia
HUF	forint na hUngáire	PHP	peso na nOileán Filipíneach
PLN	zloty na Polainne	RUB	rúbal na Rúise
RON	leu na Rómáine	THB	baht na Téalainne
TRY	lira na Tuirce	BRL	real na Brasaíle
AUD	dollar na hAstráile	MXN	peso Mheicsiceo
		INR	rúipí na hIndia

<sup>(1)</sup> Foins: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

## V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS  
TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

## AN COIMISIÚN EORPACH

**Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Phoblacht Ioslamach na hIaráine, Chónaidhm na Rúise agus na hÚcráine iad**

(2022/C 384/03)

Tar éis fhoilsiú an Fhógra maidir le dul in éag do na bearta frithdhumpála atá le tarlú <sup>(1)</sup> agus atá i bhfeidhm ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle (“an Bhrasaíl”), Phoblacht Ioslamach na hIaráine (“an Iaráin”), Chónaidhm na Rúise (“an Rúis”) agus na hÚcráine (na “tíortha lena mbaineann”) iad, fuair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach <sup>(2)</sup> iad (“an bun-Rialachán”).

**1. Iarraidh ar athbhreithniú**

An 4 Iúil 2022 chuir EUROFER, Comhlachas Eorpach na Cruach EUROFER (“an t-iarratasóir”) an iarraidh isteach thar ceann thionscal an Aontais a dhéanann táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad, de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

Tá leagan oscailte den iarraidh mar aon le hanailís ar a mhéid a thacaíonn táirgeoirí de chuid an Aontais leis an iarraidh ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara. Tugann Roinn 5.6 den Fhógra seo faisnéis maidir le rochtain ar an gcomhad do pháirtithe leasmhara.

**2. An táirge faoi athbhreithniú**

Is éard atá sa táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad, bíodh iad i gcoraí nó ná bíodh (lena n-áirítear táirgí “gearrtha san fhad iomchuí” agus “stiallacha cúnga”) gan oibriú breise déanta orthu seachas a bheith teorollta, gan a bheith cumhdaithe, plátáilte ná brataithe (“HRF” nó an “táirge faoi athbhreithniú”).

Ní chumhdaítear na táirgí seo a leanas leis an athbhreithniú seo:

- (i) táirgí cruach dosmálta agus cruach leictreach sileacain dírithe ar ghráinní,
- (ii) táirgí cruach uirlise agus cruach ardluais,
- (iii) táirgí, nach bhfuil i gcoraí, gan patrúin rilífe, ar mó ná 10 mm a dtiús agus ar 600 mm nó níos mó a leithead, agus
- (iv) táirgí, nach bhfuil i gcoraí, gan patrúin rilífe, atá 4.75 mm nó níos mó ach nach mó ná 10 mm ar tiús agus atá 2 050 mm nó níos mó ar leithead.

<sup>(1)</sup> IO C 277, 12.7.2021, Lch. 3.

<sup>(2)</sup> IO L 176, 30.6.2016, Lch. 21.

An táirge atá faoi athbhreithniú, is faoi na cóid AC 7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, 7208 52 10, 7208 52 99, 7208 53 10, 7208 53 90, 7208 54 00, 7211 13 00, 7211 14 00, 7211 19 00, ex 7225 19 10 (cód TARIC 7225 19 10 90), 7225 30 90, ex 7225 40 60 (cód TARIC 7225 40 60 90), 7225 40 90, ex 7226 19 10 (cód TARIC 7226 19 10 91, 7226 19 10 95), 7226 91 91 agus 7226 91 99 a thagann sé faoi láthair. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC, gan dochar d'athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an aicmiú taraife amach anseo.

### 3. **Bearta atá ann cheana**

Is dleacht chinntitheach frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1795 ón gCoimisiún iad na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair <sup>(3)</sup>.

### 4. **Foras an athbhreithnithe**

Tá an iarraidh bunaithe ar an bhforas gur dócha go ndéanfaí dumpáil arís agus go leanfaí den dumpáil agus go ndéanfaí díobháil arís do thionscal an Aontais, de thoradh dhul in éag na mbeart.

#### 4.1. **Líomhain maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil ón Rúis, ón Úcráin agus go dtarlóidh dumpáil arís ón Iaráin agus ón mBrasaíl**

An líomhain maidir leis an dóchúlacht go leanfaidh an Rúis agus an Úcráin den dumpáil, tá sí bunaithe ar chomparáid idir an praghas intíre agus an praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal díreach ón monarcha) an táirge atá faoi athbhreithniú nuair a dhíoltar lena onnmhairiú chuig an Aontas é.

I bhfianaise nach ann do mhéideanna suntasacha allmhairí ón Iaráin agus ón mBrasaíl chuig an Aontas faoi láthair, tá an líomhain maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís maidir leis an Iaráin agus maidir leis an Bhrasaíl bunaithe ar chomparáid idir an praghas intíre agus an praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal díreach ón monarcha) an táirge faoi athbhreithniú nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú ar an iomlán agus chuig trí mhórmhargadh onnmhairiúcháin, UAE, an Iaráic, agus an Afganastáin i gcás na hIaráine, agus an Tuirc, an tSile, agus an Phortaingéil i gcás na Brasaíle.

Ar bhonn na gcomparáidí thuas, ina léirítear an dumpáil, líomhnaíonn an t-iarratasóir gur dócha go leanfar den dumpáil ón Rúis agus ón Úcráin agus gur dócha go dtarlóidh sí arís i gcás na hIaráine agus na Brasaíle.

#### 4.2. **Líomhain maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís**

Is éard a líomhnaíonn an t-iarratasóir gur dócha go dtarlóidh an díobháil arís. I ndáil leis sin, is leor an fhianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil gur dócha go dtiocfaidh méadú ar an leibhéal allmhairí reatha den táirge faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann chuig an Aontas, dá ligfí do na bearta a dhul in éag, agus gur dócha go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna go dtí leibhéal díobháilach. Baineann sé sin le hacmhainneachtaí suntasacha nár úsáideadh sna tíortha lena mbaineann. Baineann sé freisin le meallacht mhargadh an Aontais Eorpaigh ó thaobh méide agus praghsanna de, ós rud é, maidir le leibhéal praghsanna onnmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann chuig an Aontas (i gcás na Rúise agus na hÚcráine) agus chuig margaí tríú tíortha eile, go ndéanann an leibhéal praghsanna sin sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais. Ina theannta sin, tá praghsanna agus brabúis níos airde ná mar is gnách mar thoradh ar éifeachtaí an téarnaimh iar-COVID, agus ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, nithe a d'fhág éagothroime dhomhanda idir éileamh agus soláthar maidir leis an táirge lena mbaineann, ach táthar ag súil leis go dtiocfaidh maolú ar na héifeachtaí sin.

Líomhnaíonn an t-iarratasóir gur baineadh an díobháil go príomha de thoradh na mbeart agus gur dócha go dtarlóidh an díobháil do thionscal an Aontais arís mar gheall ar mhéadú allmhairí ar phraghsanna dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann dá ligfí do bhearta a dhul in éag.

### 5. **Nós imeachta**

Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise ggur dócha go ndéanfar an dumpáil agus an díobháil chun údar maith a thabhairt le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, tá an Coimisiún, leis seo, ag tionscnamh athbhreithniú a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1795 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teo-rollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Brasaíle, na hIaráine, na Rúise agus na hÚcráine agus lena bhfoirceannantar an t-imscrúdú ar allmhairí táirgí comhréidhe teo-rollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Seirbia (IO L 258, 6.10.2017, Lch. 24).

Is éard a chinnfear leis an athbhreithniú éaga, an dócha go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís de thoradh dhul in éag na mbeart maidir leis an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é, agus an dócha go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh sí arís.

Tarraingíonn an Coimisiún aird na bpáirtithe ar an bhFógra (\*) foilsithe maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais, fógra a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir leis an imeacht seo.

### 5.1. *Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú*

An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an dtarlóidh sí arís, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 (“tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin”). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe (“an tréimhse faoi bhreathnú”).

### 5.2. *Barúlacha faoin iarraidh agus faoi thionscnamh an imscrúdaithe*

Gach páirtí leasmhar ar mian leis barúil a thabhairt maidir leis an iarraidh (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le hatarlú díobhála nó le cúisíocht) nó maidir le haon ghné a bhaineann le tionscnamh an imscrúdaithe (lena n-áirítear a mhéid a thacaítear leis an iarraidh), ní mór dó déanamh amhlaidh laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (°).

Aon iarraidh ar éisteacht maidir le tionscnamh an imscrúdaithe, ní mór í a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

### 5.3. *Nós imeachta um chinneadh na dóchúlachta go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís*

In athbhreithniú éaga, déanann an Coimisiún scrúdú ar onnmhairí a cuireadh chuig an Aontas i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus, gan beann ar onnmhairiú chuig an Aontas, measann sé an rud é, de bharr staid na gcuideachtaí a tháirgeann agus a dhíolann an táirge atá faoi athbhreithniú sna tíortha lena mbaineann, gur dócha go leanfar den onnmhairiú ar phraghsanna dumpáilte chuig an Aontas nó go dtarlóidh sé arís má théann na bearta in éag.

Dá bhrí sin, táirgeoirí uile (°) an táirge atá faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear iad siúd nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá i bhfeidhm ba thoradh air, iarrtar orthu a bheith rannpháirteach in imscrúdú an Choimisiúin.

#### 5.3.1. *Imscrúdú a dhéanamh ar tháirgeoirí sna tíortha lena mbaineann*

Ó tharla go bhféadfadh líon mór táirgeoirí sna tíortha lena mbaineann a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche le linn na dteorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur leis an líon táirgeoirí a ndéanfar imscrúdú orthu, trí shampla a roghnú, chun go mbeidh líon réasúnta ann (tugtar ‘sampláil’ ar an bpróiseas sin freisin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéanfar an tsampláil.

Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, iarrtar ar gach táirgeoir, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a cheann, lena n-áirítear na táirgeoirí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo ba thoradh air, iad féin a chur in aithne don Choimisiún agus faisnéis faoina gcuideachtaí a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór an fhaisnéis seo a chur ar fáil trí TRON.tdi ag an seoladh seo a leanas: [https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi/form/R780\\_SAMPLING\\_FORM\\_FOR\\_EXPORTING\\_PRODUCER](https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi/form/R780_SAMPLING_FORM_FOR_EXPORTING_PRODUCER). Tá teacht ar fhaisnéis faoi rochtain ar Tron i roinn 5.6 agus i roinn 5.9 thíos.

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun sampla na dtáirgeoirí a roghnú, chun an fhaisnéis sin a fháil, déanfaidh sé teagmháil le húdaráis na dtíortha lena mbaineann freisin agus is féidir go ndéanfaidh sé teagmháil le haon chomhlachas aitheanta de tháirgeoirí.

(\*) <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020XC0316%2802%29>

(°) Is ionann gach tagairt d'fhoilsiú an Fhógra seo agus tagairt d'fhoilsiú an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura sonraítear a mhálairt.

(°) Is éard is táirgeoir ann aon chuideachta sna tíortha lena mbaineann a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear aon cheann dá chuideachtaí gaolmhara a bhfuil baint aici le táirgeadh, díolacháin intíre nó onnmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú.

Má tá gá le sampla, roghnófar na tairgeoirí ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó de tháirgeacht, díolacháin nó allmhairí ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta le linn an ama atá ar fáil. Gach tairgeoir aitheanta sna tíortha lena mbaineann, údaráis na tíre lena mbaineann, agus comhlachais tairgeoirí, tabharfaidh an Coimisiún fógra dóibh, trí údaráis na dtíortha lena mbaineann más iomchuí, faoi na cuideachtaí a roghnaíodh le bheith sa sampla.

Nuair a gheobhaidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá chun sampla de na tairgeoirí a roghnú, cuirfidh sé na páirtithe lena mbaineann ar an eolas faoina chinneadh iad a roghnú nó gan iad a roghnú le bheith sa sampla. Beidh ar na tairgeoirí sampláilte ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra dóibh faoin gcinneadh iad a roghnú le bheith sa sampla, mura sonraítear a mhalairt.

Cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara a léireoidh roghnú an tsampla. Aon bharúil maidir le roghnú an tsampla, ní mór í a bheith faighte laistigh de 3 lá ón dáta a fógraíodh an cinneadh faoin sampla.

Tá cóip den cheistneoir do thairgeoirí sna tíortha lena mbaineann ar fáil sa chomhad lena cheadú ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2629>.

Gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha Airteagal 18 den bhun-Rialachán, na cuideachtaí a bhí toilteanach a bheith sa sampla ach nár roghnaíodh iad le bheith ann, measfar gur cuideachtaí comhoibríocha atá iontu.

### 5.3.2. *Imscrúdú a dhéanamh ar allmhairí neamhghaolmhara* <sup>(7)</sup> <sup>(8)</sup>

Allmhairí neamhghaolmhara a allmhairíonn an tairge faoi athbhreithniú chuig an Aontas ó na tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear na hallmhairí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá i bhfeidhm ba thoradh air, iarrtar orthu a bheith rannpháirteach san imscrúdú seo.

Ó tharla go bhféadfadh líon mór allmhairí neamhghaolmhara a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche le linn na dteorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur leis an líon allmhairí neamhghaolmhara a ndéanfar imscrúdú orthu, trí shampla a roghnú, chun go mbeidh líon réasúnta ann (tugtar “sampláil” ar an bpróiseas sin freisin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéanfar an tsampláil.

Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, iarrtar ar gach allmhairí neamhghaolmhar, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a cheann, lena n-áirítear na hallmhairí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo ba thoradh air, iad féin a chur in aithne don Choimisiún. Ní mór do na páirtithe sin déanamh amhlaidh laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo tríd an bhfaisnéis faoina gcuideachta nó faoina gcuideachtaí arna hiarraidh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhFógra seo a chur ar fáil don Choimisiún.

D’fhonn an fhaisnéis a fháil a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun an sampla d’allmhairí neamhghaolmhara a roghnú, féadfaidh an Coimisiún dul i dteagmháil freisin le haon chomhlachas allmhairí aitheanta.

Más gá sampla, féadfar na hallmhairí a roghnú ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó de dhíolacháin an tairge faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann san Aontas, ar méid é ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta le linn an ama atá ar fáil. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do gach allmhairí neamhghaolmhar aitheanta agus gach comhlachas aitheanta d’allmhairí faoi na cuideachtaí a roghnaíodh a bheith sa sampla.

(7) Ní féidir ach allmhairí nach bhfuil gaol leis na tairgeoirí sa tír nó sna tíortha lena mbaineann a shampláil. Ní mór d’allmhairí atá gaolmhar le tairgeoirí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gceistneoir le haghaidh na dtairgeoirí sin a líonadh isteach. I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme, measfar beirt a bheith gaolmhar: (a) más oifigeach nó stiúrthóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má rialaíonn duine amháin acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi rialú díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; nó (h) gur baill den teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, Lch. 558). Ní mheasfar daoine a bheith den teaghlach céanna ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas le chéile: (i) fear céile agus bean chéile, (ii) tuismitheoir agus leanbh, (iii) deartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seanathair nó seanmáthair agus garleanbh, (v) uncail nó aintín agus nia nó neacht, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) deartháir céile agus deirfiúr chéile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn “duine” duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chomhlachas daoine nach duine dlítheanach é ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh (IO L 269, 10.10.2013, Lch. 1).

(8) Na sonraí a chuireann allmhairí neamhghaolmhara ar fáil, féadfar iad a úsáid i ndáil le gnéithe den imscrúdú seo nach mbaineann le dumpáil a chinneadh.



Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara a léireoidh roghnú an tsampla. Aon bharúil maidir le roghnú an tsampla, ní mór í a bheith faighte laistigh de thrí lá ón dáta a fógraíodh an cinneadh faoin sampla.

D'fhonn an fhaisnéis a mheasann sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe a fháil, cuirfidh an Coimisiún ceistneoirí ar fáil do na hallmhaireoirí neamhghaolmhara sampláilte. Ní mór do na páirtithe sin ceistneoirí comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra faoi roghnú an tsampla, mura sonraítear a mhalairt.

Tá cóip den cheistneoir d'allmhaireoirí neamhghaolmhara ar fáil sa chomhad lena cheadú ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2629>.

#### 5.4. ***Nós imeachta um chinneadh na dóchúlachta go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís agus táirgeoirí de chuid an Aontais a imscrúdú***

Chun a chinneadh an dócha go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh sí arís, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú san Aontas a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

Ó tharla go bhféadfadh líon mór táirgeoirí de chuid an Aontais a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche le linn na dteorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur leis an líon táirgeoirí de chuid an Aontais a dhéanfar imscrúdú orthu, trí shampla a roghnú, chun go mbeidh líon réasúnta ann (tugtar “sampláil” ar an bpróiseas seo freisin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéantar an tsampláil.

Roghnaigh an Coimisiún sampláil táirgeoirí de chuid an Aontais go sealadach. Is féidir na sonraí a fháil sa chomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara.

Leis seo, iarrtar ar pháirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt ar an sampla sealadach. Sa bhreis air sin, táirgeoirí eile de chuid an Aontais, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a gceann, lena n-áirítear táirgeoirí de chuid an Aontais nár chomhoibrigh san imscrúdú arb iad na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ba thoradh air, ar táirgeoirí iad a mheasann go bhfuil cúiseanna ann ar cheart dóibh a bheith sa sampla, ní mór dóibh dul i dtreagmháil leis an gCoimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Na barúlacha uile maidir leis an sampla sealadach, ní mór iad a bheith faighte laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, mura sonraítear a mhalairt.

Gach táirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais agus/nó do gach comhlachas aitheanta de tháirgeoirí de chuid an Aontais, tabharfaidh an Coimisiún fógra dóibh faoi na cuideachtaí a roghnaíodh ar deireadh le bheith sa sampla.

Beidh ar na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ceistneoirí comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra dóibh faoin gcinneadh iad a roghnú le bheith sa sampla, mura sonraítear a mhalairt.

Tá cóip den cheistneoir le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta Trádála. <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2629>.

#### 5.5. ***Nós imeachta um measúnú a dhéanamh ar leas an Aontais***

Má dheimhnítear gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, déanfar cinneadh, de bhun Airteagal 21 den bhun-Rialachán, an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais dá gcoinneofaí na bearta frith-dhumpála ar bun.

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí tomhaltóirí ionadaíocha, iarrfar orthu faisnéis a thabhairt don Choimisiún maidir le leas an Aontais.

Aon fhaisnéis maidir leis an measúnú ar leas an Aontais, ní mór í a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, mura sonraítear a mhalairt. Féadfar an fhaisnéis sin a chur in iúl i bhformáid shaor, sin nó trí cheistneoir a d'ullmhaigh an gCoimisiún a líonadh isteach.

Tá cóip den cheistneoir, lena n-áirítear an ceistneoir le haghaidh úsáideoirí an táirge faoi imscrúdú, ar fáil sa chomhad atá lena cheadú ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2629>. In aon chás, aon fhaisnéis a chuirtear isteach de bhun Airteagal 21 den bhun-Rialachán, ní chuirtear san áireamh í ach amháin má tá fianaise fhíorasach ag gabháil léi tráth a chuirtear isteach í, ar fianaise í a thugann bunús lena bailíocht.

## 5.6. *Páirtithe leasmhara*

D'fhonn a bheith rannpháirteach san imscrúdú, ní mór do pháirtithe leasmhara, amhail táirgeoirí sna tíortha lena mbaineann, táirgeoirí an Aontais, allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí a léiriú ar dtús go bhfuil nasc oibiachtúil idir a ngníomhaíochtaí agus an táirge atá faoi athbhreithniú.

Táirgeoirí sna tíortha lena mbaineann, táirgeoirí, allmhaireoirí agus comhlachais ionadaíocha de chuid an Aontais a chuir faisnéis ar fáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhfuil tuairisc orthu i roinn 5.3.1, i roinn 5.3.2 agus i roinn 5.4.1, measfar gur páirtithe leasmhara iad má tá nasc oibiachtúil idir a ngníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

Ní bheidh páirtithe eile in ann a bheith rannpháirteach san imscrúdú mar pháirtithe leasmhara go dtí go gcuirfidh siad iad féin in aithne, agus ar choinníoll gurb ann do nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi imscrúdú. Is gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán a mheastar go bhfuil páirtí ina pháirtí leasmhar.

Is féidir an comhad atá ar fáil lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara a rochtain trí Tron.tdi ag an seoladh seo a leanas: <https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI>. Lean na treoracha ar an leathanach sin chun rochtain a fháil <sup>(9)</sup>.

## 5.7. *Aighneachtaí eile i scríbhinn*

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar, leis seo, a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a sholáthar. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

## 5.8. *An deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin*

Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteacht a iarraidh le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin. Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú inti mar aon le hachóimre ar an méid ar mian leis an bpáirtí leasmhar a phlé le linn na héisteachta. Beidh an éisteacht teoranta do na saincheisteanna a leagann na páirtithe leasmhara amach i scríbhinn roimh ré.

I bprionsabal, ní úsáidfear éisteachtaí chun faisnéis fhíorasach nach bhfuil ar comhad go fóill a chur i láthair. Mar sin féin, ar mhaithe le dea-riarachán agus chun gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin dul ar aghaidh leis an imscrúdú, féadfar a iarraidh ar pháirtithe leasmhara faisnéis fhíorasach nua ábhartha a chur ar fáil tar éis na héisteachta.

## 5.9. *Treoracha le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus le haghaidh ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras a sheoladh*

Faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipcheart. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchearta tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead sonrach a iarraidh ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear go sainráite don Choimisiún a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú seo i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta cosanta a fheidhmiú.

Gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfear leo, is mar “fógair” a dhéanfar iad a lipéadú <sup>(10)</sup>. Páirtithe a thíolacann faisnéis le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfear mar fhaisnéis rúnda léi.

<sup>(9)</sup> I gcás fadhbanna teicniúla, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Seirbhíse Trádála trí ríomhphost a sheoladh chuig [trade-service-desk@ec.europa.eu](mailto:trade-service-desk@ec.europa.eu) nó ar an nguthán + 32 22979797.

<sup>(10)</sup> Is éard is doiciméad “fógair” ann doiciméad a mheastar a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhuimh). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, Lch. 43).

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis “fogair” achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán ar a gcuirfead an lipéad “Lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara”. Ní mór do na hachoirí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún a thuiscint go réasúnta. Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thaispeáint i dtaca le hiarraidh gur i modh rúin a chaithfead leis an bhfaisnéis sin nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (<https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI>) lena n-áirítear iarrataí ar chlárú mar pháirtithe leasmhara, cóipeanna scanta de chumhachtaí atur nae agus de dheimhniúcháin. Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad “COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA”, doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: <https://circabc.europa.eu/ui/group/2e3865ad-3886-4131-92bb-a71754ffec6/library/c8672a13-8b83-4129-b94c-bfd1bf27eaac/details>. Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir teileafóin agus seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuireann siad ar fáil, agus gur seoladh ríomhphoist é a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Agus sonraí teagmhála curtha ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, mura n-iarrfaidh siad go sainráite na doiciméid uile a fháil ón gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide nó mura gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi agus trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

European Commission  
Directorate-General for Trade  
Directorate G  
Office: CHAR 04/039  
1049 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

TRON. tdi: <https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi>

R-phost:

Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle:	<a href="mailto:TRADE-R780-HRF-DUMPING-Brazil@ec.europa.eu">TRADE-R780-HRF-DUMPING-Brazil@ec.europa.eu</a>
Poblacht Ioslamach na hIaráine:	<a href="mailto:TRADE-R780-HRF-DUMPING-Iran@ec.europa.eu">TRADE-R780-HRF-DUMPING-Iran@ec.europa.eu</a>
Cónaidhm na Rúise:	<a href="mailto:TRADE-R780-HRF-DUMPING-Russia@ec.europa.eu">TRADE-R780-HRF-DUMPING-Russia@ec.europa.eu</a>
An Úcráin:	<a href="mailto:TRADE-R780-HRF-DUMPING-Ukraine@ec.europa.eu">TRADE-R780-HRF-DUMPING-Ukraine@ec.europa.eu</a>
Díobháil agus leas an Aontais:	<a href="mailto:TRADE-R780-HRF-INJURY@ec.europa.eu">TRADE-R780-HRF-INJURY@ec.europa.eu</a>

## 6. Sceideal an imscrúdaithe

De ghnáth, cuirfead an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 mhí ó dháta foilsithe an Fhógra seo, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán.

## 7. Faisnéis a chur isteach

Go hiondúil, ní fhéadfaidh na páirtithe leasmhara faisnéis a chur isteach ach amháin laistigh de na creata ama a shonraítear i roinn 5 den Fhógra seo.

D’fhonn an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na spriocdhátaí éigeantacha, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara tar éis an sprioc-am chun tuairimí a thabhairt faoin nochtadh deiridh nó, más infheidhme, tar éis an spriocdháta chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh breise.

## 8. An deis barúlacha a thabhairt maidir le haighneachtaí ó pháirtithe eile

Chun cearta na cosanta a ráthú, ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach. Agus é sin á dhéanamh acu, féadfaidh na páirtithe leasmhara díriú ar shaincheisteanna a tharraingítear anuas in aighneachtaí ó pháirtithe eile agus ar na saincheisteanna sin amháin, agus ní fhéadfaidh siad saincheisteanna nua a tharraingt anuas.

Barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chur páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí cinnitheacha, ba cheart iad a chur isteach laistigh de 5 lá ón sprioc-am chun barúlacha a thabhairt maidir leis na torthaí cinnitheacha, mura sonraítear a mhalairt. Más ann do nochtadh deiridh breise, barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar an nochtadh breise sin, ba cheart iad a chur isteach laistigh de 1 lá ón sprioc-am chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh breise sin, mura sonraítear a mhalairt.

An creat ama arna leagan amach, tá sé gan dochar do cheart an Choimisiúin faisnéis bhreise a iarraidh ar pháirtithe leasmhara i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

## 9. Síneadh leis na teorainneacha ama a shonraítear san Fhógra seo

Féadfar síneadh le teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a dheonú arna iarraidh sin do pháirtithe leasmhara a léiríonn cúis chuí.

Níor cheart aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus ní dhéanfar é a dheonú ach amháin má tá údar cuí leis. In aon chás, aon síneadh a chuirfeadh leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar cheistneoirí, beidh sé teoranta do 3 lá, agus mar riail ghinearálta ní rachaidh sé thar 7 lá. Maidir le teorainneacha ama i ndáil le faisnéis eile seachas an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a chur isteach, ní rachaidh aon síneadh ama thar 3 lá, mura léirítear gur ann d'imthosca eisceachtúla.

## 10. Neamh-chomhoibriú

I gcás ina ndiúltoídh aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí deimhneacha nó diúltacha a thabhairt ar bhonn na bhfioras atá ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

I gcás inar léir gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus féadfar úsáid a bhaint as na fíoras atá ar fáil.

Mura gcomhoibreoidh páirtí leasmhar nó mura gcomhoibreoidh sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, má bhíonn na torthaí bunaithe ar fíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, féadfaidh an toradh gan a bheith chomh fabhrach don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibriú déanta aige.

Ní mheasfar gur neamh-chomhoibriú é gan freagra leictreonach a thabhairt, ar choinníoll go léiríonn an páirtí leasmhar go mbeadh ualach breise nó costas breise mí-réasúnach ann mar thoradh ar an bhfreagra a thabhairt ar an mbealach a iarraidh é. Ba cheart don pháirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

## 11. Oifigeach Éisteachta

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh in imeachtaí trádála. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.

Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí nó na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú ina n-iomláine. Is i scríbhinn ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfeadh stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuirfeadh sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I gcás ina gcuirfeadh iarrataí éisteachta isteach lasmuigh de na cláir ama ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú freisin ar na cúiseanna leis na hiarrataí déanacha sin, ar chineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna dea-riaracháin agus do chur i gcrích tráthúil an imscrúdaithe.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht na Trádála: <http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/>.

**12. An deis athbhreithniú a iarraidh faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán**

Ó tharla go dtionscnaítear an t-athbhreithniú éaga seo i gcomhréir le forálacha Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ní leasófar na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair i ngeall ar thorthaí an athbhreithnithe, ach déanfar na bearta sin a aisghairm nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 11(6) den bhun-Rialachán.

Má mheasann aon pháirtí leasmhar go bhfuil údar le hathbhreithniú ar na bearta ar dhóigh a d'fhágfadh go bhféadfaí na bearta a leasú, féadfaidh an páirtí sin athbhreithniú a iarraidh de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

Aon pháirtí ar mian leis athbhreithniú den sórt sin a iarraidh, ar athbhreithniú é a dhéanfaí go neamhspleách ar an athbhreithniú éaga a luaitear san Fhógra seo, féadfaidh sé dul i dteagmháil leis an gCoimisiún ag an seoladh a shonraítear thuas.

**13. Próiseáil sonraí pearsanta**

Aon sonraí pearsanta a bhailítear le linn an imscrúdaithe seo, caithfear léi i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: <http://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/trade-defence/>

---

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, Lch. 39).

## IARSCRÍBHINN

- Leagan “Íogair”
- Leagan “Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara”

(cuir tic sa bhosca iomchuí)

**ATHBHREITHNIÚ ÉAGA AR NA BEARTA FRITHDHUMPÁLA IS INFHEIDHME MAIDIR LE HALLMHAIRÍ TÁIRGÍ COMHRÉIDHE TEOROLTA ÁIRITHE, AR TÁIRGÍ IARAINN, CRUACH NEAMH-CHÓIMHIOTAIL NÓ CRUACH CÓIMHIOTAIL EILE DE THIONSCNAMH PHOBLACHT CHÓNAIDHMITHEACH NA BRASAÍLE, PHOBLACHT IOSLAMACH NA HIARÁINE, CHONAIDHM NA RÚISE AGUS NA HÚCRÁINE IAD**

FAISNÉIS LE HAGHAIDH ROGHNÚ SHAMPLA NA NALLMHAIREOIRÍ NEAMHGHAEOLMHARA

Tá an fhoirm seo ceaptha le cuidiú le hallmhaireoirí neamhghaeolmhara agus an iarraidh ar fhaisnéis samplála a rinneadh i bpointe 5.3.2. den Fhógra tionscnaimh á freagairt acu.

Ba cheart an leagan “Íogair”. agus an leagan “Le hiniúchadh ag na páirtithe leasmhara” a thabhairt ar ais don Choimisiún de réir mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh.

**1. CÉANNAIGHT AGUS SONRAÍ TEAGMHÁLA**

Tabhair na sonraí seo a leanas faoi do chuideachta:

Ainm na cuideachta	
Seoladh	
Duine teagmhála	
Seoladh ríomhphoist	
Uimhir Theileafóin	

**2. LÁIMHDEACHAS AGUS MÉID NA NDÍOLACHÁN**

Léirigh in euro (€) láimhdeachas iomlán na cuideachta, an luach in euro (€) agus an méid i dtónaí le haghaidh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de réir mar a shainmhínítear san Fhógra tionscnaimh, agus le haghaidh athdhíolacháin an táirge sin ar mhargadh an Aontais tar éis a allmhairithe ón Iaráin, ón Úcráin, ón Rúis agus ón mBrasaíl, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

	Méid i dtónaí	Luach ina euro (EUR)
Láimhdeachas iomlán do chuideachta in euro (EUR)		
Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na hIaráine		
Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na hÚcráine		
Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Rúise		
Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Brasaíle		
Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú (de gach tionscnamh)		
Athdhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú ar mhargadh an Aontais tar éis a allmhairithe ón Iaráin		

Athdhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú ar mhargadh an Aontais tar éis a allmhairithe ón Úcráin		
Athdhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú ar mhargadh an Aontais tar éis a allmhairithe ón Rúis		
Athdhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú ar mhargadh an Aontais tar éis a allmhairithe ón mBrasáil		

### 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO CHUIDEACHTA AGUS CUIDEACHTAÍ GAOLMHARA <sup>(1)</sup>

Tabhair sonraí maidir le gníomhaíochtaí beachta na cuideachta agus gach cuideachta atá gaolmhar léi (liostaigh iad agus sonraigh an gaol idir iad agus do chuideachta) a bhfuil baint acu le táirgeadh agus/nó díol (onnmhairsíocháin agus/nó intíre) an táirge faoi athbhreithniú. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin ceannach an táirge faoi athbhreithniú, é tháirgeadh faoi shocrúithe fochonarthachta, nó é a phróiseáil nó a thrádáil, ach gan a bheith teoranta do na gníomhaíochtaí sin..

Ainm na cuideachta agus suíomh na cuideachta	Gníomhaíochtaí	Gaol

### 4. FAISNÉIS EILE

Tabhair aon fhaisnéis ábhartha eile a mheasann an chuideachta a bheith úsáideach chun cuidiú leis an gCoimisiún an sampla a roghnú.

### 5. DEIMHNIÚCHÁN

Tríd an bhfaisnéis thuasluaite a chur ar fáil, aontaíonn an chuideachta go bhféadfaí í a chur san áireamh sa sampla. Má roghnaítear an chuideachta le bheith mar chuid den sampla, is é a bheith i gceist leis sin ceistneoir a líonadh isteach agus glacadh le cuairt ar a háitreach chun a freagra a fhíorú. Má thugann an chuideachta le fios nach mbeadh sí sásta a bheith sa sampla, measfar nár chomhoibrigh sí leis an imscrúdú. Is ar na fíorais atá ar fáil a bhunaíonn an Coimisiún torthaí a imscrúdaithe i gcás táirgeoirí onnmhairsíocháin neamh-chomhoibríocha, agus d'fhéadfadh sé nach mbeidís chomh fabhrach don chuideachta sin agus a bheidís dá mbeadh sí tar éis comhoibriú.

Síniú an oifigigh údaraithe:

Ainm agus teideal an oifigigh údaraithe:

Dáta:

<sup>(1)</sup> I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme, measfar beirt a bheith gaolmhar: (a) más oifigeach nó stiúrtóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má rialaíonn duine amháin acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi rialú díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; nó (h) más baill den teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558). Ní mheasfar gur daoine a bheith den teaghlach céanna ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas: (i) fear céile agus bean chéile, (ii) tuismitheoir agus leanbh, (iii) deartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seanathair nó seanmháthair agus garleanbh, (v) uncail nó aintín agus nia nó neacht, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) deartháir céile agus deirfiúr chéile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn "duine" duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chumann de dhaoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh; (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

## GNÍOMHARTHA EILE

## AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2022/C 384/04)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**“Alsace grand cru Furstentum”**

**PDO-FR-A0378-AM02**

**Dáta teachtaireachta: 20 Iúil 2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Tásc breise**

Cuireadh na foirmeacha coitianta seo a leanas d’ainmneacha cineálacha fíonchaoire le Caibidil I, Roinn II(1), den tsonraíocht: “Sylvaner” agus “Pinot Noir”, agus na hainmneacha oifigiúla comhfhreagracha, faoi seach: Sylvaner B agus Pinot Noir N.

Cuireadh an fhoirm choitianta “Sylvaner” isteach chun an dearmad a rinneadh sa bhunleagan den tsonraíocht a cheartú. Cuireadh in iúl sa bhunleagan i gCaibidil I, Roinn X(1)(b), “gur féidir fíon a dhéanamh as na cineálacha údaraithe agus iad a chur ar an margadh faoina n-ainmneacha coitianta faoi seach”. Níor áiríodh an fhoirm choitianta chomhfhreagrach den ainm, áfach, sa liosta de na hainmneacha coitianta a cheadaítear. Sular formheasadh bunleagan na sonraíochta, glacadh cinneadh náisiúnta trínar cuireadh Sylvaner B leis na cineálacha a údaraithe le haghaidh táirgeadh fíonta a ngabhann an sonrúchán tionscnaimh “Alsace grand cru Zotzenberg” leo. Cuireadh na nósanna áitiúla agus cáil na bhfíonta sin san áireamh leis sin.

Cuireadh an t-ainm coitianta “Pinot Noir” leis an tsonraíocht. Rinneadh an méid sin toisc gur cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil le haghaidh na bhfíonta dearga socra de shonrúcháin tionscnaimh áirithe de chuid “Alsace grand cru”. Tá an t-iarratas sin chun aitheantas a fháil le haghaidh fíon dearg bunaithe ar chleachtas seanbhunaithe, ar cháil agus ar shaintréithe na bhfíonta a tháirgtear le fíonchaora de chineál Pinot Noir N a fhástar ar dháileachtaí críochaithe na sonrúchán “Alsace grand cru” sin. Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe le haghaidh na bhfíonta dearga sin.

Baineann Caibidil I, Roinn II(1), den tsonraíocht leis na cineálacha “Muscat à petits grains”, dá dtagraítear “Muscat” de ghnáth. Cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha sin, chun dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe a cheartú.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**2. Na cineálacha táirge**

Leasaíodh an téacs i gCaibidil I, Roinn III, den tsonraíocht chun taispeáint nach dtagraíonn na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a chumhdaítear leis an tsonraíocht atá ann faoi láthair go heisiach d’fhíonta geala socra a thuilleadh.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.



Luaitear sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru” lena gcumhdaítear fionta socra, idir gheal agus dhearg, de réir a n-ainmneacha: “Alsace grand cru Hengst” agus “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

### 3. **Limistéar geografach**

Cuireadh mír le Caibidil I, Roinn IV(1), den tsonraíocht lena dtugtar na dátaí a d’fhormheas coiste ábhartha INAO (An Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta) an limistéar geografach. Tagraítear sa mhír nua freisin do Chód Geografach Oifigiúil 2021 mar an fhoinsé le haghaidh chríochú theorainn an limistéir mar a léirítear sa tsonraíocht í. Tugtar deimhneacht dhlíthiúil do chríochú an limistéir leis an tagairt don fhoinsé.

Tugadh liosta ainmneacha na mbardas cothrom le dáta mar thoradh ar an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2021. Cuireadh deireadh le bardais Kientzheim agus Sigolsheim. Tá críoch na mbardas sin ina gcuid de bhordas Kaysersberg Vignoble anois.

Ní dhéanann na hathruithe eagarthóireachta sin difear do theorainn an limistéir gheografaigh.

Cuireadh na habairtí seo a leanas le Roinn IV(1):

“Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a aimsiú ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

I gcás an bhordais a áiríodh go páirteach, cuireadh léarscáil faoi bhráid na n-údaráis bhordais ina sainítear teorainneacha an limistéir gheografaigh.”

Ceanglaítear leis na leasuithe sin go leasófar pointe 6 den doiciméad aonair.

### 4. **Limistéar dáileachta críochnaithe**

Maidir le Caibidil I, Roinn IV(2) den tsonraíocht:

— chun dearmad a rinneadh a cheartú, cuireadh na focail “an 6 agus an 7 Meán Fómhair 2006” leis an gcéad mhír. Is dáta é sin a d’fhormheas an coiste náisiúnta ábhartha an dáileacht;

— leasaíodh an fhocláíocht sa dara mír chun na hathruithe a rinneadh ar ainmneacha na mbardas i Roinn IV(1) a chur san áireamh;

— tugadh an colún “Bardais” atá sa tábla cothrom le dáta chun go mbeidh sé comhréireach le hainmneacha na mbardas a luaitear i Roinn IV(1).

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

### 5. **Limistéar díreach in aice láimhe**

Leasaíodh mír i gCaibidil I, Roinn IV(3) den tsonraíocht chun Cód Geografach Oifigiúil 2021 a thabhairt mar an fhoinsé le haghaidh chríochú theorainn an limistéir mar a léirítear sa tsonraíocht é. Tugtar deimhneacht dhlíthiúil do chríochú an limistéir leis an tagairt don fhoinsé.

Tugadh liosta ainmneacha na mbardas cothrom le dáta mar thoradh ar an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2021. Scriosadh ainm bhordas Kaysersberg agus cuireadh isteach ainm Kaysersberg Vignoble, mar aon leis an bhfaisnéis nach n-áirítear aon chuid den bhordas sin seachas an chuid ar le bardas tarmlichte Kaysersberg í.

Ní dhéanann na hathruithe eagarthóireachta sin difear do theorainn an limistéir atá díreach in aice láimhe.

Ceanglaítear leis na leasuithe sin go leasófar pointe 9 den doiciméad aonair.

### 6. **Cineálacha fíniúna**

Cuireadh dhá fhrása le Caibidil I, Roinn V(1)(a), den tsonraíocht: “— maidir leis na fionta geala:” agus “— maidir leis na fionta dearga: a fhaightear ó chineál fionchaoire Pinot Noir N”. Rinneadh amhlaidh toisc gur cuireadh iarratas isteach ar an leibhéal náisiúnta ar aitheantas a fháil do na fionta dearga socra le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh áirithe de chuid “Alsace grand cru”. Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe le haghaidh na bhfionta dearga sin. Chomh maith leis sin is é an t-aon chineál atá údaraithe chun fíon dearg a tháirgeadh i sonrúchán tionscnaimh “Alsace”.

I Roinn V(1)(a), (b) agus (e) agus Roinn V(2)(b), cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha éagsúla Muscat à petits grains. Ceartaítear leo siúd dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall ar na leasuithe sin.

## 7. **Dlús plandála**

Cuireadh na frásaí seo a leanas le Caibidil I, Roinn VI(1)(a) den tsonraíocht: “Maidir le táirgeadh fíona ghil” agus “Maidir le táirgeadh fíona dheirg”. Rinneadh sin chun idirdhealú a dhéanamh idir an dlús plandaithe íosta de réir dhath na bhfíonta. Cuirtear an dlús sin in iúl le haghaidh na sonrúcháin a údaráítear chun fíon dearg a tháirgeadh.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall gur cuireadh na frásaí sin isteach.

Sonraíodh i gCaibidil I, Roinn VI(1)(a) den tsonraíocht, an dáta an “25 Deireadh Fómhair 2011” le haghaidh chur i bhfeidhm éifeachtach na rialach a bhaineann leis an bhféidearthacht go n-athródh an dlús de bharr an ghrafa. Cuireadh an méid sin in ionad na foclaíochta “ar an dáta a formheasadh an tsonraíocht sin”.

Ceanglaítear leis an leasú sin go leasófar pointe 5 den doiciméad aonair.

## 8. **Riail phrúnála**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(b) den tsonraíocht bhí an riail a bhí ann cheana i ndáil le fíonta geala agus a bhain le líon na mbachlóg in aghaidh méadar cearnach ithreach éagsúil de réir na gcineálacha fíonchaoire. Scriosadh an riail sin agus cuireadh aon riail amháin ina háit maidir le 18 mbachlóg in aghaidh an phlanda.

Mar gheall ar an athrú sin is féidir an fhoclaíocht i sonraíochtaí shonrúcháin tionscnaimh na hAlsáise a chomhchuihbhíú, agus na modhanna seiceála a shimplíú.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

Cuireadh na focail “Le haghaidh fíonta geala” isteach ag tús na habairte. Tharla sé sin toisc gur cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil ar fhíonta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Cuireadh riail phrúnála isteach maidir le fíonta dearga, lena socraítear líon uasta na mbachlóg ag 14 in aghaidh an phlanda. Tá sin níos lú ná an uimhir a údaráítear le haghaidh táirgeadh fíona ghil. Mar gheall ar an riail sin is féidir na rialacha maidir le táirgeacht a chomhlíonadh agus fíonchaora ar ard-cháilíocht a tháirgeadh.

Ní dhéanann na leasuithe thuas difear don doiciméad aonair.

## 9. **Na rialacha maidir le treilísíú agus le hairde duilliúir**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(c) den tsonraíocht, scriosadh airde uasta na sreang lena dtugtar tacaíocht do na slata stuacha, agus athraíodh modh tomhais airde an duilliúir treilíse.

Mar gheall ar na leasuithe sin is féidir a fhíorú go bhfuil airde an duilliúir comhlíontach agus na plandaí ag fás. Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh roimhe seo ach amháin trí cheanglas a bhain leis an taca.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

## 10. **Ualach meánach uasta an bharr in aghaidh dáileachta**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(d), den tsonraíocht, maidir le fíonta geala laghdaíodh ualach meánach uasta an bharr in aghaidh dáileachta ó 10 000 go 8 500 cileagram in aghaidh an heicteáir, rud atá comhfhreagrach don táirgeacht laghdaithe le haghaidh na bhfíonta sin.

Bunaíodh ualach meánach uasta barra in aghaidh dáileachta le haghaidh fíonta dearga. Tá sin níos lú ná an t-uasmhéid le haghaidh fíonta geala, rud atá comhfhreagrach don táirgeacht le haghaidh fíonta dearga.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

## 11. **Aibíocht na bhfíonchaora agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte**

Leasaíodh an tábla i gCaibidil I, Roinn VII(2)(a), den tsonraíocht. Cuirtear san áireamh anois ann an t-iarratas a cuireadh isteach ar an leibhéal náisiúnta chun aitheantas a fháil ar fhíonta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Maidir leis na sonrúcháin sin “Alsace grand cru” le haghaidh fíonta dearga, bunaíodh leibhéal íosta le haghaidh an mhéid síúcra a bhíonn sna cineálacha éagsúla fíonchaoire tráth a bhuaintear iad, agus le haghaidh a neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

Maidir le fronta geala, méadaíodh na leibhéil íosta le haghaidh mhéid siúcra na bhfionchaora le 2 nó 3 ghran in aghaidh an lítir úrfhíona chun go n-urramófar an éagsúlú 1 % céanna leis an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh gach cineál fionchaoire, mar a bhí sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe. An comhlacht bainistíochta agus cosanta, roghnaigh sé athrú na ngram siúcra ina n-alcóil a ríomh ar bhonn 17 ngram siúcra a bheith ag táirgeadh 1 % alcóil de réir toirte le haghaidh fronta geala. Bhí an figiúr 16,83 gram in úsáid sa leagan bunaidh den tsonraíocht. Bhí sé molta ag coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) méid 17 ngram a úsáid nuair a bunaíodh an leagan bunaidh den na sonraíochtaí.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

## 12. Táirgeachtaí

I gCaibidil I, Roinn VIII(1) agus (2), den tsonraíocht, laghdaíodh an táirgeacht agus na teorainneacha táirgeachta uasta le haghaidh fronta geala agus fionta geala a mbíonn an lipéad “Vendanges Tardives” [Buaine Dhéanach] orthu, i gcomhréir leis an ordlathas sonraíochtaí i réigiún na hAlsáise. Beidh rialú cáilíochta níos fearr ann mar gheall ar an leasú sin.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair le haghaidh na táirgeachta uasta (na teorainneacha táirgeachta uasta).

Cuireadh na focail “Vins blancs” isteach le haghaidh na bhfionta nach bhfuil tuairisc orthu. Rinneadh amhlaidh mar cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil ar fhionta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Suíodh teorainn na táirgeachta agus an teorainn táirgeachta uasta le haghaidh fionta dearga i gcomhréir le hordlathas shonrúcháin réigiúnacha na hAlsáise, rud a chiallaíonn go mbíonn na méideanna níos ísle le haghaidh na sonrúchán “grand cru” sin.

Ní dhéanann na leasuithe is deireanaí a luadh difear don doiciméad aonair.

## 13. Coipeadh malalachtach, an cion siúcra choipthigh le haghaidh fionta dearga

Leagtar síos i gCaibidil I, Roinn IX(1)(c), den tsonraíocht nach mór coipeadh malalachtach a dhéanamh le haghaidh fionta dearga.

Chun críche chomhlíontacht na rialach sin a sheiceáil, suíodh 0,4 gram mar mhéid uasta an aigéid mhalaigh in aghaidh an lítir tráth an phacáistithe.

Leagtar síos i Roinn IX(1)(d) cion uasta 2 ghran in aghaidh an lítir, tar éis coipthe, le haghaidh siúcraí coiptheacha (glúcós agus fruchtós).

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

## 14. An neart alcóil nádúrtha íosta, de réir toirte, a thoirmeashtar le haghaidh fionta dearga, an neart sin a mhéadú

Leagtar síos i gCaibidil I, Roinn IX(1)(e), den tsonraíocht nár cheart fionta dearga a shaibhriú ar aon bhealach. Tá feidhm ag an srianadh sin maidir leis an bpróiseas táirgthe. Tá sé sin comhsheasmhach le críochadóireacht dáileachtaí maidir le fionchaora a fhás, dlús plandála íosta, rialacha prúnála agus táirgeacht shrianta.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

## 15. Toilleadh na fionlainne

I gCaibidil I, Roinn IX(1)(g), den tsonraíocht, laghdaíodh an chomhéifeacht chun toilleadh na fionlainne a ríomh.

Ní gá go mbeidh toilleadh na fionlainne i gcomhréir le toirt na buainte roimhe ó thaobh cé chomh mór is atá an toirt.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

## 16. An dáta aibithe i gcás fionta dearga agus an dáta a cuireadh ar an margadh iad le haghaidh tomhaltóirí

I gCaibidil I, Roinn IX(2), den tsonraíocht, bunaíodh tréimhse aibithe íosta le haghaidh fionta dearga: go dtí an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na buainte. Chun go gcumasófar léiriú iomlán a gcuid saintréithe, bíonn tréimhse íosta de dhíth le haghaidh na bhfionta a dhéantar as fionchaora de chineál Pinot Noir N a fhaightear as na fíonghoirt sin.

Sonraítear i gCaibidil I, Roinn IX(5)(a), nach féidir, tar éis na tréimhse aibithe, fionta dearga a chur ar an margadh le haghaidh tomhaltóirí go dtí an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na buainte.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

#### 17. Seiceálacha ar bhaisceanna pacáistithe

I gCaibidil I, Roinn IX(3)(b) den tsonraíocht, scriosadh an rial lenar ceanglaíodh nach mór buidéal shamplacha a choimeád le haghaidh na seiceálacha a dhéantaí ar bhaisceanna pacáistithe.

Is slat tomhais den infhíoraitheacht í an rial sin. Is cuid den phlean seiceála anois í.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### 18. Fíonta pacáistithe a stóráil

I gCaibidil I, Roinn IX(4), den tsonraíocht, soláthraítear sonraí breise maidir le saintréithe na háite ina stóráiltear fionta pacáistithe.

Leis an méid sin, cuidítear leis na hoibreoírí an rial sin a chomhlíonadh, agus éascaítear an tseiceáil.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### 19. Tosca daonna a chuireann leis an nasc leis an limistéar geografach

I gCaibidil I, Roinn X(1)(b), den tsonraíocht, leasaíodh an téacs chun go gcuirfear san áireamh gur formheasadh fionta dearga socra le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh “Alsace grand cru Hengst” agus “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”.

— Cuireadh isteach an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru Hengst”: fionta dearga a formheasadh in 2022; Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe; is é 5 500 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála íosta chun fíon dearg a tháirgeadh; ní cheadaítear saibhriú in aon foirm ar bith; ní mór go mbeidh tréimhse aibithe 10 mí ann.

— Cuireadh isteach an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”: fionta dearga a formheasadh in 2022; Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe; is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála íosta chun fíon dearg a tháirgeadh; ní cheadaítear saibhriú in aon foirm ar bith; ní mór go mbeidh tréimhse aibithe 10 mí ann.

I Roinn X(1)(b), scriosadh faisnéis gur aithníodh an dá shonrúcháin tionscnaimh sin i dtaca le fionta geala. Cuireadh na focail “le haghaidh fionta geala” isteach mar bhí gá leo chun an téacs a thuiscint.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall ar na leasuithe sin.

Cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha éagsúla Muscat à petits grains. Ceartaítear leo siúd dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe. Ní dhéanann na focail a cuireadh leis difear don doiciméad aonair.

#### 20. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta

I gCaibidil I, Roinn X(2) den tsonraíocht, cuireadh mionsonraí chuma amhairc na bhfionta geala isteach d’fhonn tuairisc níos fearr a thabhairt ar a saintréithe áirithe.

I gcás an chéad dá chineál fíona ar a dtugtar tuairisc: “Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fíona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí órga.”

Mionsonraí an dá chineál deiridh fíona: “Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fíona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.”

Leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Cuireadh tuairisc isteach ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfionta dearga le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh “Alsace grand cru Hengst” agus “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”.

Ní dhéanann na tuairiscí sin difear don doiciméad aonair.

**21. Nasc leis an limistéar geografach**

I gCaibidil I, Roinn X(3), den tsonraíocht, maidir le sonrúchán tionscnaimh “Alsace grand cru Hengst”, tá mionsonraí ann faoin nasc idir an tionscnamh geografach agus saintréithe na bhfionta a bhféadfadh feidhm a bheith acu freisin maidir le fionta dearga den sonrúchán sin. Cuireadh leis na mionsonraí sin le faisnéis a bhaineann go sonrach leis na fionta dearga.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

**22. Bearta idirthréimhseacha**

I gCaibidil I, Roinn XI(2), den tsonraíocht, i gcomhréir leis na leasuithe a rinneadh ar Chaibidil I, Roinn VI, scriosadh airde uasta na sreang lena dtugtar tacaíocht do na slata stuacha agus laghdáíodh uimhir uasta na mbachlóg in aghaidh an phlanda.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**23. An ceanglas a bhaineann leis an gcion siúcra a chur in iúl ar lipéadú agus ar fhormáidí eile lena dtugtar faisnéis faoi fhionta geala**

Bhí sé mar rogha faoin tsonraíocht a bhí ann roimhe cion an tsiúcra a lua. Cuireadh téacs nua in ionad Roinn XII(2)(d), Caibidil I, den tsonraíocht agus mar gheall ar an téacs sin tá sé éigeantach an cion siúcra a lua, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2019/33.

Agus an fhaisnéis sin ag tomhaltóirí, beidh sé níos fusa leo an cineál fiona a thuiscint.

Níl feidhm ag an riail nua sin maidir le fionta ar a mbíonn na téarmaí traidisiúnta “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles” [áirítear fionchaora botraíteasaithe].

Cuireadh le pointe 9 den doiciméad aonair.

Is pointe (e) anois é pointe bunaidh (d) de Roinn XII(2).

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**24. Sannadh na ndáileachtaí a dhearbhu roimh ré**

I gCaibidil II, Roinn I(1), den tsonraíocht, cuireadh soiléiriú isteach i ndáil leis na rialacha a bhaineann le sannadh na ndáileachtaí a dhearbhu roimh ré. Cuireann oibreoirí dearbhuithe den sórt sin faoi bhráid an chomhlachta um bainistíocht agus cosaint le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh “Alsace grand cru” nuair a chuireann siad deireadh le táirgeadh faoin sonrúchán.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**DOICIMÉAD AONAIR****1. Ainm(neacha)**

Alsace grand cru Furstentum

**2. Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

**3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

**4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta**

1.

**TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN**

Fionta socra agus geala atá iontu.

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 12,5 % neart alcóil nádúrtha na bhfionta de réir toirte, agus is é 11 % an neart atá ann le haghaidh cineálacha eile. Maidir leis na fionta a dhéantar as na cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G, ní bhíonn neart alcóil iomláin na bhfionta sin níos mó ná 15 % tar éis a saibhrithe, agus ní bhíonn neart níos mó ná 14 % ag na fionta a dhéantar as cineálacha eile.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Is samplaí den scoth d'fhionta geala atá oiriúnach lena n-aosú, a mbíonn úire den scoth mar shaintréith acu agus aigéad tartarach i dtreis mar bhonn taca leo mar aon le fionchaora a bhíonn aibithe ar dóigh. Féadfar ainm an tsonrúcháin a fhorlíonadh le hainmneacha coitianta na gcineálacha fionchaoire, ar choinníoll go ndéantar na fionta go heisiach as cineálacha fionchaoire arb fhéidir tagairt a dhéanamh dóibh trí na hainmneacha atá i gceist a úsáid. Tá substaint agus castacht iontach maith ag na fionta sin, tagann dea-bholaithe cumhachtacha uathu agus baineann an-chuid fineáltachta leo. Fanann a mblas tréimhse fhada sa bhéal, éiríonn siad níos casta de réir a chéile.

Tá dhá chineál fiona ann: — fionta tirime ag a bhfuil ábhar mianaigh; — fionta aramatacha agus atá torthaíoch, olartha agus saibhir. Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fiona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí órga.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhrí (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

2. *Sonrúchán agus na focail “Vendanges Tardives” ina dhiaidh*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir leis na fionta is é 16 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, agus is é 14,5 % an neart le haghaidh cineálacha eile.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Is minic a fhaightear dea-bholaithe an-andúchasacha ó na fionta a dtugtar tuairisc orthu mar “Vendanges Tardives”, amhail dea-bholaithe a fhaightear ó thorthaí criostalaithe agus a mbíonn iarbhlás úr orthu. Bíonn siad an-tiubhaithe go deo agus faightear dea-bholaithe fadmharthanacha uathu. Diandath domhain a bhíonn ar na fionta sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhrí (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

3. *Sonrúchán agus na focail “Sélection de Grains Nobles” ina dhiaidh*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 18,2 % neart alcóil nádúrtha na bhfionta de réir toirte, agus is é 16,4 % an neart le haghaidh cineálacha eile.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Na fionta atá i dteideal a bheith lipéadaithe mar “Sélection de Grains Nobles”, bíonn siad níos tiubhaithe agus níos láidre agus is minic a fhaightear dea-bholaithe de thorthaí criostalaithe uathu. Bíonn siad an-tiubhaithe go deo agus faightear dea-bholaithe fadmarthanacha uathu. Diandath domhain a bhíonn ar na fionta sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

## 5. Cleachtais fionóireachta

### 5.1. Cleachtais fíoneolaíochta shonracha

#### 1. Córais traenála: dlús plandála

An modh saothraithe

Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha.

Níor cheart don fhad idir sraitheanna na bhfíniúnacha a bheith níos mó ná 2 mhéadar.

Maidir le spásáil tsraith atá ag na fíniúnacha ní bhíonn sí níos lú ná 0,75 méadar agus ní bhíonn sí níos mó ná 1,50 méadar.

Ón 25 Deireadh Fómhair 2011, maidir le sraitheanna atá laistigh de dháileacht, níor cheart spásáil atá níos leithne ná 3 mhéadar, a bheith idir na sraitheanna tar éis an ghrafa a dhéanamh.

#### 2. Córais traenála: riail phrúnála

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ina Guyot singil nó dúbailte agus 18 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

#### 3. Buaint

An modh saothraithe

Déantar na fionta as fionchaora a bhuantar de láimh.

#### 4. Méadú ar neart an alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Aon mhéadú ar neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte, níor cheart dó na céatadáin a leanas a shárú:

0,5 % le haghaidh fionta a dhéantar as cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G,

1,5 % le haghaidh fionta a dhéantar as cineálacha eile.

Fionta atá incháilithe leis na téarmaí “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, níor cheart iad a shaibhriú.

#### 5. Táirgeadh

Srian maidir le fionóireacht

Toirmiscear sliseanna adhmaid a úsáid.

#### 6. Na fionta a aibiú

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ní mór na fionta a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den chéad bhliain eile tar éis na buainte ar a laghad.

Fionta atá incháilithe leis na téarmaí “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, ní mór iad a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den dara bliain tar éis na buainte ar a laghad.

## 5.2. Uastáirgeacht

1. Sonrúchán leis an téarma breise “Vendanges Tardives” nó gan an téarma sin  
60 heictilítear in aghaidh an heicteáir
2. Sonrúchán agus na focail “Sélection de Grains Nobles” ina dhiaidh  
48 heictilítear in aghaidh an heicteáir

## 6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fionchaora a bhuaib agus na fionta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aibiú sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— Roinn Haute-Rhin: Bardais iomlána: Ammerschwihr, Beblenheim, Bennwihr, Bergheim, Bergholtz, Eguisheim, Gueborschwihr, Guebwiller, Hattstatt, Hunawir, Ingersheim, Katzenthal, Mittelwihr, Niedermorschwihr, Orschwihr, Pfaffenheim, Ribeauvillé, Riquewihr, Rodern, Rouffach, Saint-Hippolyte, Soultzmatt, Thann, Turckheim, Vieux-Thann, Voegtlinshoffen, Westhalten, Wettolsheim, Wintzenheim, Wuenheim agus Zellenberg.

Na bardais atá san áireamh go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhardais tharmligthe Kintzheim agus Sigolsheim amháin.

— Roinn Bas-Rhin: Andlau, Barr, Bergbieten, Blienschwiller, Dahlenheim, Dambach-la-Ville, Eichhoffen, Kintzheim, Marlenheim, Mittelbergheim, Molsheim, Nothalten, Scharrachbergheim-Irmstett agus Wolxheim.

Rinneadh léarscáil ina shainítear teorainneacha an limistéir geografaigh a thaisceadh le húdaráis bhargasacha na mbardas a áiríodh go páirteach.

Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a aimsiú ar shuíomh gréasáin (INAO).

## 7. Cineál/cineálacha fíniúna

Gewurztraminer Rs

Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Pinot Gris G

Riesling B

## 8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

A bhí leis na dálaí aeráide a ghabhann le fíonghoirt na hAlsáise, baineann sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru Furstentum” tairbhe as ceann de na suíomhanna is fearr. Agus iad neadaithe i ndúiche phictiúrtha na hAlsáise, cuidíonn na fíonghoirt le táirgeadh fionta a lé bhfuil saintréithe sonracha agus a pearsantacht acu.

Is é a thagann as an suíomh faoi fhothain agus an cineál ithreach san fhíonghort *Grand Cru* fionta a bhfuil éagsúlacht mhór dea-bholaithe orthu, nótaí spíosrach agus bláthacha san áireamh a théann i léig agus a dtagann fo-nótaí mianracha chun cinn ina n-áit ina dhiaidh sin. Tá struchtúr tainneach ag an aigéadacht citris a fhágann go bhfuil na fionta in oiriúint don aosú.

Mar gheall ar na dálaí aeráide den scoth a bhíonn ann ag deireadh an tséasúir, is féidir le torthaí na fíniúna éirí tiubh agus féadann an lobhadh uasal forbairt. Dá thoradh sin, is féidir fionta a tháirgeadh as fionchaora a bhuaibtear nuair a bhíonn siad ró-aibí.

De bharr na tréimhse aibithe mar a leagtar síos sa tsonraíocht í, cumasaítear feabhsú na bhfionta.

Tá rialacha diana ann maidir leis an táirgeadh, amhail ceannbhrat leathan a chothabháil agus buaint a dhéanamh de láimh. Trí na rialacha sin a ghlacadh, caomhnaíonn fionsaothraithe na hAlsáise carachtar seanbhunaithe na bhfionta, a bhfuil clú orthu mar gheall ar a gcastacht agus chomh oiriúnach is atá siad lena gcoinneáil i bhfad.



Is iad na fionta is fearr as fionta an réigiúin seo. Tá meas níos airde ag daoine ar na fionta sin ná mar atá acu ar fhionta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace” acu.

## 9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainmhíniú ag maolú maidir le fíonóireacht, próiseáil agus aibiú fionta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— Roinn Haute-Rhin: Bardais iomlána: Bergholtz-Zell, Berrwiller, Buhl, Cernay, Colmar, Gundolsheim, Hartmanswiller, Herrlisheim, Houssen, Husseren-les-Châteaux, Jungholtz, Leimbach, Obermorschwihr, Osenbach, Ostheim, Rorschwihr, Sultz, Steinbach, Uffholtz, Walbach, Wattwiller, Wihr-au-Val agus Zimmerbach.

Na bardais atá san áireamh go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhardas tarmligthe Kayserberg amháin.

— Roinn Bas-Rhin: Albé, Avolsheim, Balbronn, Bernardswiller, Bernardvillé, Bischoffsheim, Boersch, Bourgeois, Châtenois, Cleebourg, Dachstein, Dangolsheim, Dieffenthal, Dorlisheim, Epfig, Ergersheim, Ernolsheim-Bruche, Fessenheim-le-Bas, Flexbourg, Furdenheim, Gertwiller, Gimbrett-Berstett, Goxwiller, Heiligenstein, Itterswiller, Kienheim, Kirchheim, Kuttolsheim, Mittelhausen, Mutzig, Nordheim, Oberhoffen-les-Wissenbourg, Obernai, Odratzheim, Orschwiller, Osthoffen, Ottrott, Petersbach, Reichsfeld, Riedseltz, Rosenwiller, Rosheim, Rott, Saint-Nabor, Saint-Pierre, Scherwiller, Seebach, Sultz-les-Bains, Steinseltz, Stotzheim, Strasbourg, Traenheim, Villé, Wangen, Westhoffen, Wissembourg agus Zellwiller.

Pacáistiú sa limistéar

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Déantar na fionta a phacáistiú i mbuidéil “Vin du Rhin”, i gcomhréir le Forairthne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955, Ordú an 13 Bealtaine 1959 agus Forairthne an 19 Márta 1963. Ní cheadaítear buidéil d’aon chineál eile.

Ó tugadh isteach Dlí an 5 Iúil 1972, ní mór na fionta a chur i mbuidéil arda, chaola “Vin du Rhin” i ranna Bas-Rhin agus Haut-Rhin, mar a leagtar síos i bhForairthne 1955.

An bhliain fíona a shonrú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór don bhliain, mar aon le hainm an tsonrúcháin, a bheith le feiceáil in aon dearbhú a bhaineann le buaint agus stoc, in aon doiciméid tacaíochta nó poiblíocht, agus ar aon bhileoga, lipéid, sonraisc nó gabhdáin.

Ainm coitianta

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Is féidir ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh le ceann d'ainmneacha coitianta chineálacha na fionchaoire, ar choinníoll go ndéantar na fionta go heisiach as cineálacha fionchaoire arbh fhéidir tagairt a dhéanamh dóibh tríd an ainm i gceist a úsáid.

Tá toirmeasc ar dhá cheann nó níos mó d'ainmneacha coitianta a úsáid ar an lipéad céanna.

Seo a leanas na hainmneacha coitianta sin:

Gewürztraminer

Muscat

Muscat Ottonel

Pinot Gris

Riesling.

Téarmaí traidisiúnta “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles”

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Maidir le fionta ar incháilithe iad leis an téarma “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, ní mór an méid seo a leanas a chur in iúl freisin:

— an bhliain fíona

— ceann d'fhoirmeacha coitianta ainm chineál na fionchaoire.

Sonrú ar an gcion siúcra

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór an cion siúcra, mar a shainítear le dlí an Aontais, a lua go soiléir i gcás fionta geala a n-éilítear ceann de na 51 sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace Grand Cru - lieu-dit” ina leith faoi théarmaí na sonraíochta sin. Bíonn feidhm aige sin nuair a chuirtear fionta den sórt sin i láthair faoin sonrúchán réamhluaite agus nuair a chuirtear ar fáil don phobal iad, nuair a sheoltar iad, nuair a thairgtear iad lena ndíol nó nuair a dhíoltar iad; rud nach féidir a dhéanamh mura bhfuil cion an tsiúcra luaite i ngach píosa poiblíochta, gach bileog, lipéad, sonrasc nó gabhdán a bhaineann leis. Níl feidhm ag an méid sin maidir le fionta ar a mbíonn na lipéid “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles”.

### **Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-4cec3ff9-abd4-4253-a1db-245ddd809faa](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-4cec3ff9-abd4-4253-a1db-245ddd809faa)

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2022/C 384/05)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**“Alsace grand cru Kaefferkopf”**

**PDO-FR-A0914-AM02**

**Dáta teachtaireachta: 20 Iúil 2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Tásc breise**

Cuireadh na foirmeacha coitianta seo a leanas d’ainmneacha cineálacha fíonchaoire le Caibidil I, Roinn II(1), den tsonraíocht: “Sylvaner” agus “Pinot Noir”, agus na hainmneacha oifigiúla comhfhreagracha, faoi seach: Sylvaner B agus Pinot Noir N.

Cuireadh an fhoirm choitianta “Sylvaner” isteach chun an dearmad a rinneadh sa bhunleagan den tsonraíocht a cheartú. Cuireadh in iúl sa bhunleagan i gCaibidil I, Roinn X(1)(b), “gur féidir fíon a dhéanamh as na cineálacha údaráithe agus iad a chur ar an margadh faoina n-ainmneacha coitianta faoi seach”. Níor áiríodh an fhoirm choitianta chomhfhreagrach den ainm, áfach, sa liosta de na hainmneacha coitianta a cheadaítear. Sular formheasadh bunleagan na sonraíochta, glacadh cinneadh náisiúnta trínar cuireadh Sylvaner B leis na cineálacha a údaraítear le haghaidh táirgeadh fíonta a ngabhann an sonrúchán tionscnaimh “Alsace grand cru Zotzenberg” leo. Cuireadh na nósanna áitiúla agus cáil na bhfíonta sin san áireamh leis sin.

Cuireadh an t-ainm coitianta “Pinot Noir” leis an tsonraíocht. Rinneadh an méid sin toisc gur cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil le haghaidh na bhfíonta dearga socra de shonrúcháin tionscnaimh áirithe de chuid “Alsace grand cru”. Tá an t-iarratas sin chun aitheantas a fháil le haghaidh fíon dearg bunaithe ar chleachtas seanbhunaithe, ar cháil agus ar shaintréithe na bhfíonta a tháirgtear le fíonchaora de chineál Pinot Noir N a fhástar ar dháileachtaí críocheithe na sonrúchán “Alsace grand cru” sin. Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaráithe le haghaidh na bhfíonta dearga sin.

Baineann Caibidil I, Roinn II(1), den tsonraíocht leis na cineálacha “Muscat à petits grains”, dá dtagraítear “Muscat” de ghnáth. Cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha sin, chun dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe a cheartú.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**2. Na cineálacha táirge**

Leasaíodh an téacs i gCaibidil I, Roinn III, den tsonraíocht chun taispeáint nach dtagraíonn na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a chumhdaítear leis an tsonraíocht atá ann faoi láthair go heisiach d’fhíonta geala socra a thuilleadh.

Luaítear sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru” lena gcumhdaítear fíonta socra, idir gheal agus dhearg, de réir a n-ainmneacha: “Alsace grand cru Hengst” agus “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

### 3. **Limistéar geografach**

Cuireadh mír le Caibidil I, Roinn IV(1), den tsonraíocht lena dtugtar na dátaí a d'fhormheas coiste ábhartha INAO (An Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta) an limistéar geografach. Tagraítear sa mhír nua freisin do Chód Geografach Oifigiúil 2021 mar an fhoinsé le haghaidh chríochú theorainn an limistéir mar a léirítear sa tsonraíocht í. Tugtar deimhneacht dhlíthiúil do chríochú an limistéir leis an tagairt don fhoinsé.

Tugadh liosta ainmneacha na mbardas cothrom le dáta mar thoradh ar an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2021. Cuireadh deireadh le bardais Kientzheim agus Sigolsheim. Tá críoch na mbardas sin ina gcuid de bhordas Kaysersberg Vignoble anois.

Ní dhéanann na hathruithe eagarthóireachta sin difear do theorainn an limistéir gheografaigh.

Cuireadh na habairtí seo a leanas le Roinn IV(1):

“Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a aimsiú ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

I gcás an bhordais a áiríodh go páirteach, cuireadh léarscáil faoi bhráid na n-údaráis bhordais ina sainítear teorainneacha an limistéir gheografaigh.”

Ceanclaítear leis na leasuithe sin go leasófar pointe 6 den doiciméad aonair.

### 4. **Limistéar dáileachta críochnaithe**

Maidir le Caibidil I, Roinn IV(2) den tsonraíocht:

- chun dearmad a rinneadh a cheartú, cuireadh na focail “an 6 agus an 7 Meán Fómhair 2006” leis an gcéad mhír. Is dáta é sin a d'fhormheas an coiste náisiúnta ábhartha an dáileacht;
- leasaíodh an fhoclaíocht sa dara mír chun na hathruithe a rinneadh ar ainmneacha na mbardas i Roinn IV(1) a chur san áireamh;
- tugadh an colún “Bardais” atá sa tábla cothrom le dáta chun go mbeidh sé comhréireach le hainmneacha na mbardas a luaitear i Roinn IV(1).

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

### 5. **Limistéar díreach in aice láimhe**

Leasaíodh mír i gCaibidil I, Roinn IV(3) den tsonraíocht chun Cód Geografach Oifigiúil 2021 a thabhairt mar an fhoinsé le haghaidh chríochú theorainn an limistéir mar a léirítear sa tsonraíocht é. Tugtar deimhneacht dhlíthiúil do chríochú an limistéir leis an tagairt don fhoinsé.

Tugadh liosta ainmneacha na mbardas cothrom le dáta mar thoradh ar an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2021. Scriosadh ainm bhordas Kaysersberg agus cuireadh isteach ainm Kaysersberg Vignoble, mar aon leis an bhfaisnéis nach n-áirítear aon chuid den bhordas sin seachas an chuid ar le bardas tarmilgthe Kaysersberg í.

Ní dhéanann na hathruithe eagarthóireachta sin difear do theorainn an limistéir atá díreach in aice láimhe.

Ceanclaítear leis na leasuithe sin go leasófar pointe 9 den doiciméad aonair.

### 6. **Cineálacha fíniúna**

Cuireadh dhá fhrása le Caibidil I, Roinn V(1)(a), den tsonraíocht: “— maidir leis na fionta geala:” agus “— maidir leis na fionta dearga: a fhaightear ó chineál fíonchaoire Pinot Noir N”. Rinneadh amhlaidh toisc gur cuireadh iarratas isteach ar an leibhéal náisiúnta ar aitheantas a fháil do na fionta dearga socra le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh áirithe de chuid “Alsace grand cru”. Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe le haghaidh na bhfionta dearga sin. Chomh maith leis sin is é an t-aon chineál atá údaraithe chun fíon dearg a tháirgeadh i sonrúchán tionscnaimh “Alsace”.

I Roinn V(1)(a), (b) agus (e) agus Roinn V(2)(b), cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha éagsúla Muscat à petits grains. Ceartaítear leo siúd dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall ar na leasuithe sin.

#### 7. **Dlús plandála**

Cuireadh na frásaí seo a leanas le Caibidil I, Roinn VI(1)(a) den tsonraíocht: “Maidir le táirgeadh fíona ghil” agus “Maidir le táirgeadh fíona dheirg”. Rinneadh sin chun idirdhealú a dhéanamh idir an dlús plandaithe íosta de réir dhath na bhfíonta. Cuirtear an dlús sin in iúl le haghaidh na sonrúcháin a údaraítear chun fíon dearg a tháirgeadh.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall gur cuireadh na frásaí sin isteach.

Sonraíodh i gCaibidil I, Roinn VI(1)(a) den tsonraíocht, an dáta an “25 Deireadh Fómhair 2011” le haghaidh chur i bhfeidhm éifeachtach na rialach a bhaineann leis an bhféidearthacht go n-athródh an dlús de bharr an ghrafa. Cuireadh an méid sin in ionad na foclaíochta “ar an dáta a formheasadh an tsonraíocht sin”.

Ceanglaítear leis an leasú sin go leasófar pointe 5 den doiciméad aonair.

#### 8. **Riail phrúnála**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(b) den tsonraíocht bhí an riail a bhí ann cheana i ndáil le fíonta geala agus a bhain le líon na mbachlóg in aghaidh méadar cearnach ithreach éagsúil de réir na gcineálacha fíonchaoire. Scriosadh an riail sin agus cuireadh aon riail amháin ina háit maidir le 18 mbachlóg in aghaidh an phlanda.

Mar gheall ar an athrú sin is féidir an fhoclaíocht i sonraíochtaí shonrúcháin tionscnaimh na hAlsáise a chomhchuíbhíú, agus na modhanna seiceála a shimplíú.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

Cuireadh na focail “Le haghaidh fíonta geala” isteach ag tús na habairte. Tharla sé sin toisc gur cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil ar fhíonta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Cuireadh riail phrúnála isteach maidir le fíonta dearga, lena socraítear líon uasta na mbachlóg ag 14 in aghaidh an phlanda. Tá sin níos lú ná an uimhir a údaraítear le haghaidh táirgeadh fíona ghil. Mar gheall ar an riail sin is féidir na rialacha maidir le táirgeacht a chomhlíonadh agus fíonchaora ar ard-cháilíocht a tháirgeadh.

Ní dhéanann na leasuithe thuas difear don doiciméad aonair.

#### 9. **Na rialacha maidir le treilísíú agus le hairde duilliúir**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(c) den tsonraíocht, scriosadh airde uasta na sreang lena dtugtar tacaíocht do na slata stuacha, agus athraíodh modh tomhais airde an duilliúir treilíse.

Mar gheall ar na leasuithe sin is féidir a fhíorú go bhfuil airde an duilliúir comhlíontach agus na plandaí ag fás. Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh roimhe seo ach amháin trí cheanglas a bhain leis an taca.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### 10. **Ualach meánach uasta an bharr in aghaidh dáileachta**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(d), den tsonraíocht, maidir le fíonta geala laghdaíodh ualach meánach uasta an bharr in aghaidh dáileachta ó 10 000 go 8 500 cileagram in aghaidh an heicteáir, rud atá comhfhreagrach don táirgeacht laghdaithe le haghaidh na bhfíonta sin.

Bunaíodh ualach meánach uasta barra in aghaidh dáileachta le haghaidh fíonta dearga. Tá sin níos lú ná an t-uasmhéid le haghaidh fíonta geala, rud atá comhfhreagrach don táirgeacht le haghaidh fíonta dearga.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

#### 11. **Aibíocht na bhfíonchaora agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte**

Leasaíodh an tábla i gCaibidil I, Roinn VII(2)(a), den tsonraíocht. Cuirtear san áireamh anois ann an t-iarratas a cuireadh isteach ar an leibhéal náisiúnta chun aitheantas a fháil ar fhíonta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Maidir leis na sonrúcháin sin “Alsace grand cru” le haghaidh fionta dearga, bunaíodh leibhéal íosta le haghaidh an mhéid siúcra a bhíonn sna cineálacha éagsúla fionchaoire tráth a bhuintear iad, agus le haghaidh a neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

Maidir le fionta geala, méadaíodh na leibhéal íosta le haghaidh mhéid siúcra na bhfionchaora le 2 nó 3 ghram in aghaidh an lítir úrfhíona chun go n-urramófar an éagsúlú 1 % céanna leis an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh gach cineál fionchaoire, mar a bhí sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe. An comhlacht bainistíochta agus cosanta, roghnaigh sé athrú na ngram siúcra ina n-alcóil a ríomh ar bhonn 17 ngram siúcra a bheith ag táirgeadh 1 % alcól de réir toirte le haghaidh fionta geala. Bhí an figiúr 16,83 gram in úsáid sa leagan bunaidh den tsonraíocht. Bhí sé molta ag coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) méid 17 ngram a úsáid nuair a bunaíodh an leagan bunaidh den na sonraíochtaí.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

## 12. Táirgeachtaí

I gCaibidil I, Roinn VIII(1) agus (2), den tsonraíocht, laghdaíodh an táirgeacht agus na teorainneacha táirgeachta uasta le haghaidh fionta geala agus fionta geala a mbíonn an lipéad “Vendanges Tardives” [Buaine Dhéanach] orthu, i gcomhréir leis an ordlathas sonraíochtaí i réigiún na hAlsáise. Beidh rialú cáilíochta níos fearr ann mar gheall ar an leasú sin.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair le haghaidh na táirgeachta uasta (na teorainneacha táirgeachta uasta).

Cuireadh na focail “Vins blancs” isteach le haghaidh na bhfionta nach bhfuil tuairisc orthu. Rinneadh amhlaidh mar cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil ar fhionta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Suíodh teorainn na táirgeachta agus an teorainn táirgeachta uasta le haghaidh fionta dearga i gcomhréir le hordlathas shonrúcháin réigiúnacha na hAlsáise, rud a chiallaíonn go mbíonn na méideanna níos ísle le haghaidh na sonrúchán “grand cru” sin.

Ní dhéanann na leasuithe is deireanaí a luadh difear don doiciméad aonair.

## 13. Coipeadh malalachtach, an cion siúcra choipthigh le haghaidh fionta dearga

Leagtar síos i gCaibidil I, Roinn IX(1)(c), den tsonraíocht nach mór coipeadh malalachtach a dhéanamh le haghaidh fionta dearga.

Chun críche chomhlíontacht na rialach sin a sheiceáil, suíodh 0,4 gram mar mhéid uasta an aigéid mhalaigh in aghaidh an lítir tráth an phacáistithe.

Leagtar síos i Roinn IX(1)(d) cion uasta 2 ghram in aghaidh an lítir, tar éis coipthe, le haghaidh siúcraí coiptheacha (glúcós agus fruchtós).

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

## 14. An neart alcóil nádúrtha íosta, de réir toirte, a thoirmeashtar le haghaidh fionta dearga, an neart sin a mhéadú

Leagtar síos i gCaibidil I, Roinn IX(1)(e), den tsonraíocht nár cheart fionta dearga a shaibhriú ar aon bhealach. Tá feidhm ag an srianadh sin maidir leis an bpróiseas táirgthe. Tá sé sin comhsheasmhach le críochadóireacht dáileachtaí maidir le fionchaora a fhás, dlús plandála íosta, rialacha prúnála agus táirgeacht shrianta.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

## 15. Toilleadh na fíonlainne

I gCaibidil I, Roinn IX(1)(g), den tsonraíocht, laghdaíodh an chomhéifeacht chun toilleadh na fíonlainne a ríomh.

Ní gá go mbeidh toilleadh na fíonlainne i gcomhréir le toirt na buainte roimhe ó thaobh cé chomh mór is atá an toirt.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**16. An dáta aibithe i gcás fionta dearga agus an dáta a cuireadh ar an margadh iad le haghaidh tomhaltóirí**

I gCaibidil I, Roinn IX(2), den tsonraíocht, bunaíodh tréimhse aibithe íosta le haghaidh fionta dearga: go dtí an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na buainte. Chun go gcumasófar léiriú iomlán a gcuid saintréithe, bíonn tréimhse íosta de dhíth le haghaidh na bhfionta a dhéantar as fionchaora de chineál Pinot Noir N a fhaightear as na fíonghoirt sin.

Sonraítear i gCaibidil I, Roinn IX(5)(a), nach féidir, tar éis na tréimhse aibithe, fionta dearga a chur ar an margadh le haghaidh tomhaltóirí go dtí an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na buainte.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**17. Seiceálacha ar bhaisceanna pacáistithe**

I gCaibidil I, Roinn IX(3)(b) den tsonraíocht, scriosadh an riail lenar ceanglaíodh nach mór buidéal shamplacha a choimeád le haghaidh na seiceálacha a dhéantaí ar bhaisceanna pacáistithe.

Is slat tomhais den infhíoraitheacht í an riail sin. Is cuid den phlean seiceála anois í.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**18. Fionta pacáistithe a stóráil**

I gCaibidil I, Roinn IX(4), den tsonraíocht, soláthraítear sonraí breise maidir le saintréithe na háite ina stóráiltear fionta pacáistithe.

Leis an méid sin, cuidítear leis na hoibreoírí an riail sin a chomhlíonadh, agus éascaítear an tseiceáil.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**19. Tosca daonna a chuireann leis an nasc leis an limistéar geografach**

I gCaibidil I, Roinn X(1)(b), den tsonraíocht, leasaíodh an téacs chun go gcuirfeadh san áireamh gur formheasadh fionta dearga socra le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh “Alsace grand cru Hengst” agus “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”.

— Cuireadh isteach an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru Hengst”: fionta dearga a formheasadh in 2022; Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe; is é 5 500 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála íosta chun fíon dearg a tháirgeadh; ní cheadaítear saibhriú in aon foirm ar bith; ní mór go mbeidh tréimhse aibithe 10 mí ann.

— Cuireadh isteach an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”: fionta dearga a formheasadh in 2022; Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe; is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála íosta chun fíon dearg a tháirgeadh; ní cheadaítear saibhriú in aon foirm ar bith; ní mór go mbeidh tréimhse aibithe 10 mí ann.

I Roinn X(1)(b), scriosadh faisnéis gur aithníodh an dá shonrúcháin tionscnaimh sin i dtaca le fionta geala. Cuireadh na focail “le haghaidh fionta geala” isteach mar bhí gá leo chun an téacs a thuiscint.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall ar na leasuithe sin.

Cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha éagsúla Muscat à petits grains. Ceartaítear leo siúd dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe. Ní dhéanann na focail a cuireadh leis difear don doiciméad aonair.

**20. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta**

I gCaibidil I, Roinn X(2) den tsonraíocht, cuireadh mionsonraí chuma amhairc na bhfionta geala isteach d’fhonn tuairisc níos fearr a thabhairt ar a saintréithe áirithe.

I gcás an chéad dá chineál fíona ar a dtugtar tuairisc: “Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fíona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí órga.”

Mionsonraí an dá chineál deiridh fíona: “Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fíona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.”

Leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Cuireadh tuairisc isteach ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfionta dearga le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh “Alsace grand cru Hengst” agus “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”.

Ní dhéanann na tuairiscí sin difear don doiciméad aonair.

#### 21. **Nasc leis an limistéar geografach**

I gCaibidil I, Roinn X(3), den tsonraíocht, maidir le sonrúchán tionscnaimh “Alsace grand cru Hengst”, tá mionsonraí ann faoin nasc idir an tionscnamh geografach agus saintréithe na bhfionta a bhféadfadh feidhm a bheith acu freisin maidir le fionta dearga den sonrúchán sin. Cuireadh leis na mionsonraí sin le faisnéis a bhaineann go sonrach leis na fionta dearga.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

#### 22. **Bearta idirthréimhseacha**

I gCaibidil I, Roinn XI(2), den tsonraíocht, i gcomhréir leis na leasuithe a rinneadh ar Chaibidil I, Roinn VI, scriosadh airde uasta na sreang lena dtugtar tacaíocht do na slata stuacha agus laghdaíodh uimhir uasta na mbachlóg in aghaidh an phlanda.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### 23. **An ceanglas a bhaineann leis an gcion siúcra a chur in iúl ar lipéadú agus ar fhormáidí eile lena dtugtar faisnéis faoi fhionta geala**

Bhí sé mar rogha faoin tsonraíocht a bhí ann roimhe cion an tsiúcra a lua. Cuireadh téacs nua in ionad Roinn XII(2)(d), Caibidil I, den tsonraíocht agus mar gheall ar an téacs sin tá sé éigeantach an cion siúcra a lua, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2019/33.

Agus an fhaisnéis sin ag tomhaltóirí, beidh sé níos fusa leo an cineál fíona a thuiscint.

Níl feidhm ag an rial nua sin maidir le fionta ar a mbíonn na téarmaí traidisiúnta “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles” [áirítear fíonchaora botraíteasaithe].

Cuireadh le pointe 9 den doiciméad aonair.

Is pointe (e) anois é pointe bunaidh (d) de Roinn XII(2).

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### 24. **Sannadh na ndáileachtaí a dhearbhu roimh ré**

I gCaibidil II, Roinn I(1), den tsonraíocht, cuireadh soiléiriú isteach i ndáil leis na rialacha a bhaineann le sannadh na ndáileachtaí a dhearbhu roimh ré. Cuireann oibreoirí dearbhuithe den sórt sin faoi bhráid an chomhlachta um bainistíocht agus cosaint le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh “Alsace grand cru” nuair a chuireann siad deireadh le táirgeadh faoin sonrúchán.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### 25. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta: Téarmaí traidisiúnta “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles” agus foirmeacha coitianta ainmneacha na gcineálacha fíonchaoire**

I bpointí 4.2 agus 4.3 den doiciméad aonair, “Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta”: ceartaíodh earráid chléireachais tríd an gcineál Pinot Gris G a bhaint den tuairisc achomair i scríbhinn ar na fionta le haghaidh na dtéarmaí traidisiúnta “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles”. Maidir le húsáid an chineáil sin chun fíon a tháirgeadh ar a dtugtar aon cheann de na téarmaí traidisiúnta sin, níor údaraíodh sin riamh le haon leagan den tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Alsace grand cru Kaefferkopf”.

I bpointe 9 den doiciméad aonair, “Coinníollacha breise”:

— ceartaíodh an ceannteideal “Téarmaí traidisiúnta” chun an dá fhoirm choitianta d’ainmneacha na gcineálacha fíonchaoire a údaraítear le haghaidh na dtéarmaí “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles” a shonrú, toisc nach n-údaraítear an cineál fíonchaoire Pinot Gris G le haghaidh táirgeadh fíona ar a gcuirtear na téarmaí traidisiúnta sin.

Leis an scriosadh sin ceartaítear earráid chléireachais sa leagan den doiciméad aonair a bhí ann roimhe.



## DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Alsace grand cru Kaefferkopf

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1.

## TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta socra agus geala atá iontu.

Maidir leis na fíonta is é 12,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, agus is é 12 % an neart le haghaidh fíonta a tháirgtear ó mheascán cineálacha agus 11 % le haghaidh Riesling. Tar éis a saibhrithe, ní mó ná 14 % neart alcóil iomláin na bhfíonta de réir toirte le haghaidh fíonta a dhéantar as an gcineál Riesling, agus 15 % le haghaidh fíonta measctha agus fíonta a dhéantar as na cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Is samplaí den scoth d'fhíonta geala atá oiriúnach lena n-aosú, a mbíonn úire den scoth mar shaintréith acu agus aigéad tartarach i dtreis mar bhonn taca leo mar aon le fíonchaora a bhíonn aibithe ar dóigh. Féadfar ainm an tsonrúcháin a fhorlónadh le hainmneacha coitianta na gcineálacha fíonchaoire, ar choinníoll go ndéantar na fíonta go heisiach as cineálacha fíonchaoire arb fhéidir tagairt a dhéanamh dóibh trí na hainmneacha atá i gceist a úsáid. Tá substaint agus castacht iontach maith ag na fíonta sin, tagann dea-bholaithe cumhachtacha uathu agus baineann an-chuid fíneáltachta leo. Fanann a mblas tréimhse fhada sa bhéal, éiríonn siad níos casta de réir a chéile.

Tá dhá chineál fíona ann: — fíonta tirime ag a bhfuil ábhar mianaigh; — fíonta aramatacha agus atá torthaíoch, olartha agus saibhir. Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fíona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí órga.

## Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachobhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachobhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Sonrúchán agus na focail “Vendanges Tardives” ina dhiaidh*

## TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le Gewürztraminer Rs, is é 16 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte, agus is é 14.5 % an neart atá ann le haghaidh Riesling.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Is minic a fhaightear dea-bholaithe an-andúchasacha ó na fionta a dtugtar tuairisc orthu mar “Vendanges Tardives”, amhail dea-bholaithe a fhaightear ó thorthaí criostalaithe agus a mbíonn iarbhlás úr orthu. Bíonn siad an-tiubhaithe go deo agus faightear dea-bholaithe fadmharthanacha uathu. Diandath domhain a bhíonn ar na fionta sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhrí (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

3. *Sonrúchán agus na focail “Sélection de Grains Nobles” ina dhiaidh*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le Gewürztraminer Rs, is é 18,2 % neart alcóil nádúrtha na bhfionta de réir toirte, agus is é 16,4 % an neart atá ann le haghaidh Riesling.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Na fionta atá i dteideal a bheith lipéadaithe mar “Sélection de Grains Nobles”, bíonn siad níos tiubhaithe agus níos láidre agus is minic a fhaightear dea-bholaithe de thorthaí criostalaithe uathu. Bíonn siad an-tiubhaithe go deo agus faightear dea-bholaithe fadmharthanacha uathu. Diandath domhain a bhíonn ar na fionta sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhrí (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fionóireachta**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

1. *Córais traenála: dlús plandála*

An modh saothraithe

Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha.

Níor cheart don fhad idir sraitheanna na bhfíniúnacha a bheith níos mó ná 2 mhéadar.

Maidir le spásáil sa tsraith atá ag na fíniúnacha ní bhíonn sí níos lú ná 0,75 méadar agus ní bhíonn sí níos mó ná 1,50 méadar.

Ón 25 Deireadh Fómhair 2011, maidir le sraitheanna atá laistigh de dháileacht, níor cheart spásáil atá níos leithne ná 3 mhéadar, a bheith idir na sraitheanna tar éis an ghrafa a dhéanamh.

## 2. Córais traenála: riail phrúnála

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ina Guyot singil nó dúbailte agus 18 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

## 3. Buaint

An modh saothraithe

Déantar na fionta as fíonchaora a bhuantar de láimh.

## 4. Méadú ar neart an alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Cleachtas fíoneolaíochta sonrath

Aon mhéadú ar neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte, níor cheart dó na céatadáin a leanas a sháru:

0,5 % le haghaidh fionta a dhéantar as cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G,

1,5 % le haghaidh fionta a dhéantar as cineálacha eile agus le haghaidh fionta a dhéantar as meascán cineálacha.

Fionta atá incháilithe leis na téarmaí “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, níor cheart iad a shaibhriú.

## 5. Táirgeadh

Srian maidir le fíonóireacht

Toirmiscear sliseanna adhmaid a úsáid.

## 6. Na fionta a aibiú

Cleachtas fíoneolaíochta sonrath

Ní mór na fionta a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den chéad bhliain eile tar éis na buainte ar a laghad.

Fionta atá incháilithe leis na téarmaí “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, ní mór iad a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den dara bliain tar éis na buainte ar a laghad.

### 5.2. Uastáirgeacht

#### 1. Sonrúchán leis an téarma breise “Vendanges Tardives” nó gan an téarma sin

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

#### 2. Sonrúchán agus na focail “Sélection de Grains Nobles” ina dhiaidh

48 heictilítear in aghaidh an heicteáir

## 6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fíonchaora a bhain agus na fionta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aibiú sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— Roinn Haute-Rhin: Bardais iomlána: Ammerschwih, Beblenheim, Bennwih, Bergheim, Bergholtz, Eguisheim, Guebenschwih, Guebwiller, Hattstatt, Hunawih, Ingersheim, Katzenthal, Mittelwih, Niedermorschwih, Orschwih, Pfaffenheim, Ribeauvillé, Riquewih, Rodern, Rouffach, Saint-Hippolyte, Soultzmat, Thann, Turckheim, Vieux-Thann, Voegtlinshoffen, Westhalten, Wettolsheim, Wintzenheim, Wuenheim agus Zellenberg.

Na bardais atá san áireamh go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhbardais tharmilgthe Kientzheim agus Sigolsheim amháin.

— Roinn Bas-Rhin: Andlau, Barr, Bergbieten, Blienschwiller, Dahlenheim, Dambach-la-Ville, Eichhoffen, Kintzheim, Marlenheim, Mittelbergheim, Molsheim, Nothalten, Scharrachbergheim-Irmstett agus Wolxheim.

Rinneadh léarscáil ina shainítear teorainneacha an limistéir geografaiigh a thaisceadh le húdaráis bhargasacha na mbardas a áiríodh go páirteach.

Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a aimsiú ar shuíomh gréasáin (INAO).

## 7. Cineál/cineálacha fíniúna

Gewurztraminer Rs

Pinot Gris G

Riesling B

## 8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

A bhí leis na dálaí aeráide a ghabhann le fíonghoirt na hAlsáise, baineann sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru Kaefferkopf” tairbhe as ceann de na suíomhanna is fearr. Agus iad neadaithe i ndúiche phictiúrtha na hAlsáise, cuidíonn na fíonghoirt le táirgeadh fíonta a lé bhfuil saintréithe sonracha agus a pearsantacht acu.

Leis an gcosaint ar a ngoath fhuar agus ar an rónochtadh don ghrian atá ag an suíomh uathúil agus sáithiú na n-ithreacha le cailciam agus maignéisiam, táirgtear fíonta láidre tréana casta uachtarúla a bhfuil úire thaitneamhach ag gabháil lena mblas. Léirítear na saintréithe sin, atá suntasach sna fíonta measctha go háirithe, go sármaith tar éis iad a choinneáil ar feadh roinnt blianta. Léiríonn na fíonta ansin pearsantacht láidir a aibhsítear le marthanacht bhreá aramatach shalanda.

Mar gheall ar na dálaí aeráide den scoth a bhíonn ann ag deireadh an tséasúir, is féidir le torthaí na fíniúna éirí tiubh agus féadann an lobhadh uasal forbairt. Dá thoradh sin, is féidir fíonta a tháirgeadh as fíonchaora a bhuaitear nuair a bhíonn siad ró-aibí.

Leis an aibíocht cumasaítear feabhsú na bhfíonta.

Tá rialacha diana ann maidir leis an táirgeadh, amhail ceannbhrat leathan a chothabháil agus buaint a dhéanamh de láimh. Trí na rialacha sin a ghlacadh, caomhnaíonn fíonsaothraithe na hAlsáise carachtar seanbhunaithe na bhfíonta, a bhfuil clú orthu mar gheall ar a gcastacht agus chomh oiriúnach is atá siad lena gcoinneáil i bhfad.

Is iad na fíonta is fearr as fíonta an réigiúin seo. Tá meas níos airde ag daoine ar na fíonta sin ná mar atá acu ar fhíonta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace” acu.

I saothar Médard Barth dar teideal *Der Rebbau des Elsass und die Absatzgebieten seiner Weine*, a scríobhadh in 1958, moladh go hard an *lieu-dit* sin, a bhfuil clú air inniu.

## 9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainmhíniú ag maolú maidir le fíonóireacht, próiseáil agus aibiú fíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— Roinn Haute-Rhin: Bardais iomlána: Bergholtz-Zell, Berrwiller, Buhl, Cernay, Colmar, Gundolsheim, Hartmannswiller, Herrlisheim, Houssen, Husseren-les-Châteaux, Jungholtz, Leimbach, Obermorschwihr, Osenbach, Ostheim, Rorschwihr, Sultz, Steinbach, Uffholtz, Walbach, Wattwiller, Wihr-au-Val agus Zimmerbach.

Na bardais atá san áireamh go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhordas tarmligthe Kayserberg amháin.

— Roinn Bas-Rhin: Albé, Avolsheim, Balbronn, Bernardswiller, Bernardvillé, Bischoffsheim, Boersch, Bourgeois, Châtenois, Cleebourg, Dachstein, Dangolsheim, Dieffenthal, Dorlisheim, Epfing, Ergersheim, Ernolsheim-Bruche, Fessenheim-le-Bas, Flexbourg, Furdenheim, Gertwiller, Gimbert-Berstett, Goxwiller, Heiligenstein, Itterswiller, Kienheim, Kirchheim, Kuttolsheim, Mittelhausen, Mutzig, Nordheim, Oberhoffen-les-Wissenbourg, Obernai, Odratzheim, Orschwiller, Osthoffen, Ottrott, Petersbach, Reichsfeld, Riedseltz, Rosenwiller, Rosheim, Rott, Saint-Nabor, Saint-Pierre, Scherwiller, Seebach, Sultz-les-Bains, Steinseltz, Stotzheim, Strasbourg, Traenheim, Villé, Wangen, Westhoffen, Wissembourg agus Zellwiller.

Pacáistiú sa limistéar

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Déantar na fionta a phacáistiú i mbuidéil “Vin du Rhin”, i gcomhréir le Forairthne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955, Ordú an 13 Bealtaine 1959 agus Forairthne an 19 Márta 1963. Ní cheadaítear buidéil d’aon chineál eile.

Ó tugadh isteach dlí an 5 Iúil 1972, ní mór na fionta a chur i mbuidéil arda, chaola “Vin du Rhin” i ranna Bas-Rhin agus Haut-Rhin, mar a leagtar síos i bhForairthne 1955.

An bhliain fíona a shonrú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór don bhliain, mar aon le hainm an tsonrúcháin, a bheith le feiceáil in aon dearbhú a bhaineann le buaint agus stoc, in aon doiciméid tacaíochta nó poiblíocht, agus ar aon bhileoga, lipéid, sonraisc nó gabhdáin.

Ainm coitianta

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Is féidir ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh le ceann d’ainmneacha coitianta chineálacha na fíonchaoire, ar choinníoll go ndéantar na fionta go heisiach as cineálacha fíonchaoire arbh fhéidir tagairt a dhéanamh dóibh tríd an ainm i gceist a úsáid.

Tá toirmeasc ar dhá cheann nó níos mó d’ainmneacha coitianta a úsáid ar an lipéad céanna.

Seo a leanas na hainmneacha coitianta sin:

Gewürztraminer

Pinot Gris

Riesling.

Téarmaí traidisiúnta “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles”

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Maidir le fionta ar incháilithe iad leis an téarma “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, ní mór an méid seo a leanas a chur in iúl freisin:

— an bhliain fiona

— ceann de na foirmeacha coitianta seo a leanas d’ainm chineál na fionchaoire: Gewurztraminer, Riesling.

Sonrú ar an gcion siúcra

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór an cion siúcra, mar a shainítear le dlí an Aontais, a lua go soiléir i gcás fionta geala a n-éilítear ceann de na 51 sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace Grand Cru - lieu-dit” ina leith faoi théarmaí na sonraíochta sin. Bíonn feidhm aige sin nuair a chuirtear fionta den sórt sin i láthair faoin sonrúchán réamhluaite agus nuair a chuirtear ar fáil don phobal iad, nuair a sheoltar iad, nuair a thairgtear iad lena ndíol nó nuair a dhíoltar iad; rud nach féidir a dhéanamh mura bhfuil cion an tsiúcra luaite i ngach píosa poiblíochta, gach bileog, lipéad, sonrasc nó gabhdán a bhaineann leis. Níl feidhm ag an méid sin maidir le fionta ar a mbíonn na lipéid “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles”.

#### **Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-4cec3ff9-abd4-4253-a1db-245ddd809faa](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-4cec3ff9-abd4-4253-a1db-245ddd809faa)

---

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2022/C 384/06)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**“Alsace grand cru Kastelberg”**

**PDO-FR-A0419-AM02**

**Dáta teachtaireachta: 20 Iúil 2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Tásc breise**

Cuireadh na foirmeacha coitianta seo a leanas d’ainmneacha cineálacha fíonchaoire le Caibidil I, Roinn II(1), den tsonraíocht: “Sylvaner” agus “Pinot Noir”, agus na hainmneacha oifigiúla comhfhreagracha, faoi seach: Sylvaner B agus Pinot Noir N.

Cuireadh an fhoirm choitianta “Sylvaner” isteach chun an dearmad a rinneadh sa bhunleagan den tsonraíocht a cheartú. Cuireadh in iúl sa bhunleagan i gCaibidil I, Roinn X(1)(b), “gur féidir fíon a dhéanamh as na cineálacha údaráithe agus iad a chur ar an margadh faoina n-ainmneacha coitianta faoi seach”. Níor áiríodh an fhoirm choitianta chomhfhreagrach den ainm, áfach, sa liosta de na hainmneacha coitianta a cheadaítear. Sular formheasadh bunleagan na sonraíochta, glacadh cinneadh náisiúnta trínar cuireadh Sylvaner B leis na cineálacha a údaraítear le haghaidh táirgeadh fíonta a ngabhann an sonrúchán tionscnaimh “Alsace grand cru Zotzenberg” leo. Cuireadh na nósanna áitiúla agus cáil na bhfíonta sin san áireamh leis sin.

Cuireadh an t-ainm coitianta “Pinot Noir” leis an tsonraíocht. Rinneadh an méid sin toisc gur cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil le haghaidh na bhfíonta dearga socra de shonrúcháin tionscnaimh áirithe de chuid “Alsace grand cru”. Tá an t-iarratas sin chun aitheantas a fháil le haghaidh fíon dearg bunaithe ar chleachtas seanbhunaithe, ar cháil agus ar shaintréithe na bhfíonta a tháirgtear le fíonchaora de chineál Pinot Noir N a fhástar ar dháileachtaí críocheithe na sonrúchán “Alsace grand cru” sin. Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaráithe le haghaidh na bhfíonta dearga sin.

Baineann Caibidil I, Roinn II(1), den tsonraíocht leis na cineálacha “Muscat à petits grains”, dá dtagraítear “Muscat” de ghnáth. Cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha sin, chun dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe a cheartú.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**2. Na cineálacha táirge**

Leasaíodh an téacs i gCaibidil I, Roinn III, den tsonraíocht chun taispeáint nach dtagraíonn na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a chumhdaítear leis an tsonraíocht atá ann faoi láthair go heisiach d’fhíonta geala socra a thuilleadh.

Luaítear sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru” lena gcumhdaítear fíonta socra, idir gheal agus dhearg, de réir a n-ainmneacha: “Alsace grand cru Hengst” agus “Alsace grand cru Kirchberg de Barr”.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

### 3. **Limistéar geografach**

Cuireadh mír le Caibidil I, Roinn IV(1), den tsonraíocht lena dtugtar na dátaí a d'fhorghnó coiste ábhartha INAO (An Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta) an limistéar geografach. Tagraítear sa mhír nua freisin do Chód Geografach Oifigiúil 2021 mar an fhoinsé le haghaidh chríochú theorainn an limistéir mar a léirítear sa tsonraíocht í. Tugtar deimhneacht dhlíthiúil do chríochú an limistéir leis an tagairt don fhoinsé.

Tugadh liosta ainmneacha na mbardas cothrom le dáta mar thoradh ar an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2021. Cuireadh deireadh le bardais Kientzheim agus Sigolsheim. Tá críoch na mbardas sin ina gcuid de bhordas Kaysersberg Vignoble anois.

Ní dhéanann na hathruithe eagarthóireachta sin difear do theorainn an limistéir gheografaigh.

Cuireadh na habairtí seo a leanas le Roinn IV(1):

“Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a aimsiú ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

I gcás an bhordais a áiríodh go páirteach, cuireadh léarscáil faoi bhráid na n-údaráis bhordais ina sainítear teorainneacha an limistéir gheografaigh.”

Ceanlaítear leis na leasuithe sin go leasófar pointe 6 den doiciméad aonair.

### 4. **Limistéar dáileachta críochnaithe**

Maidir le Caibidil I, Roinn IV(2) den tsonraíocht:

- chun dearmad a rinneadh a cheartú, cuireadh na focail “an 6 agus an 7 Meán Fómhair 2006” leis an gcéad mhír. Is dáta é sin a d'fhorghnó coiste náisiúnta ábhartha an dáileacht;
- leasaíodh an fhocláíocht sa dara mír chun na hathruithe a rinneadh ar ainmneacha na mbardas i Roinn IV(1) a chur san áireamh;
- tugadh an colún “Bardais” atá sa tábla cothrom le dáta chun go mbeidh sé comhréireach le hainmneacha na mbardas a luaitear i Roinn IV(1).

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

### 5. **Limistéar díreach in aice láimhe**

Leasaíodh mír i gCaibidil I, Roinn IV(3) den tsonraíocht chun Cód Geografach Oifigiúil 2021 a thabhairt mar an fhoinsé le haghaidh chríochú theorainn an limistéir mar a léirítear sa tsonraíocht é. Tugtar deimhneacht dhlíthiúil do chríochú an limistéir leis an tagairt don fhoinsé.

Tugadh liosta ainmneacha na mbardas cothrom le dáta mar thoradh ar an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2021. Scríosadh ainm bhordas Kaysersberg agus cuireadh isteach ainm Kaysersberg Vignoble, mar aon leis an bhfaisnéis nach n-áirítear aon chuid den bhordas sin seachas an chuid ar le bardas tarmiligthe Kaysersberg í.

Ní dhéanann na hathruithe eagarthóireachta sin difear do theorainn an limistéir atá díreach in aice láimhe.

Ceanlaítear leis na leasuithe sin go leasófar pointe 9 den doiciméad aonair.

### 6. **Cineálacha fíniúna**

Cuireadh dhá fhrása le Caibidil I, Roinn V(1)(a), den tsonraíocht: “— maidir leis na fionta geala:” agus “— maidir leis na fionta dearga: a fhaightear ó chineál fionchaoire Pinot Noir N”. Rinneadh amhlaidh toisc gur cuireadh iarratas isteach ar an leibhéal náisiúnta ar aitheantas a fháil do na fionta dearga socra le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh áirithe de chuid “Alsace grand cru”. Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe le haghaidh na bhfionta dearga sin. Chomh maith leis sin is é an t-aon chineál atá údaraithe chun fion dearg a tháirgeadh i sonrúchán tionscnaimh “Alsace”.



I Roinn V(1)(a), (b) agus (e) agus Roinn V(2)(b), cuireadh na focail “blancs” agus “rosés” le hainmneacha na gcineálacha éagsúla Muscat à petits grains. Ceartaítear leo siúd dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall ar na leasuithe sin.

#### 7. **Dlús plandála**

Cuireadh na frásaí seo a leanas le Caibidil I, Roinn VI(1)(a) den tsonraíocht: “Maidir le táirgeadh fíona ghil” agus “Maidir le táirgeadh fíona dheirg”. Rinneadh sin chun idirdhealú a dhéanamh idir an dlús plandaithe íosta de réir dhath na bhfionta. Cuirtear an dlús sin in iúl le haghaidh na sonrúcháin a údaraítear chun fíon dearg a tháirgeadh.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall gur cuireadh na frásaí sin isteach.

Sonraíodh i gCaibidil I, Roinn VI(1)(a) den tsonraíocht, an dáta an “25 Deireadh Fómhair 2011” le haghaidh chur i bhfeidhm éifeachtach na rialach a bhaineann leis an bhféidearthacht go n-athródh an dlús de bharr an ghrafa. Cuireadh an méid sin in ionad na foclaíochta “ar an dáta a formheasadh an tsonraíocht sin”.

Ceanlaítear leis an leasú sin go leasófar pointe 5 den doiciméad aonair.

#### 8. **Riail phrúnála**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(b) den tsonraíocht bhí an riail a bhí ann cheana i ndáil le fionta geala agus a bhain le líon na mbachlóg in aghaidh méadar cearnach ithreach éagsúil de réir na gcineálacha fíonchaoire. Scriosadh an riail sin agus cuireadh aon riail amháin ina háit maidir le 18 mbachlóg in aghaidh an phlanda.

Mar gheall ar an athrú sin is féidir an fhocláocht i sonraíochtaí shonrúcháin tionscnaimh na hAlsáise a chomhchuibhiú, agus na modhanna seiceála a shimpliú.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

Cuireadh na focail “Le haghaidh fionta geala” isteach ag tús na habairte. Tharla sé sin toisc gur cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil ar fhionta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Cuireadh riail phrúnála isteach maidir le fionta dearga, lena socraítear líon uasta na mbachlóg ag 14 in aghaidh an phlanda. Tá sin níos lú ná an uimhir a údaraítear le haghaidh táirgeadh fíona ghil. Mar gheall ar an riail sin is féidir na rialacha maidir le táirgeacht a chomhlíonadh agus fíonchaora ar ard-cháilíocht a tháirgeadh.

Ní dhéanann na leasuithe thuas difear don doiciméad aonair.

#### 9. **Na rialacha maidir le treilísiú agus le hairde duilliúir**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(c) den tsonraíocht, scriosadh airde uasta na sreang lena dtugtar tacaíocht do na slata stuacha, agus athraíodh modh tomhais airde an duilliúir treilíse.

Mar gheall ar na leasuithe sin is féidir a fhíorú go bhfuil airde an duilliúir comhlíontach agus na plandaí ag fás. Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh roimhe seo ach amháin trí cheanglas a bhain leis an taca.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### 10. **Ualach meánach uasta an bharr in aghaidh dáileachta**

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(d), den tsonraíocht, maidir le fionta geala laghdaíodh ualach meánach uasta an bharr in aghaidh dáileachta ó 10 000 go 8 500 cileagram in aghaidh an heicteáir, rud atá comhfhreagrach don táirgeacht laghdaithe le haghaidh na bhfionta sin.

Bunaíodh ualach meánach uasta barra in aghaidh dáileachta le haghaidh fionta dearga. Tá sin níos lú ná an t-uasmhéid le haghaidh fionta geala, rud atá comhfhreagrach don táirgeacht le haghaidh fionta dearga.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

### 11. **Aibíocht na bhfionchaora agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte**

Leasaíodh an tábla i gCaibidil I, Roinn VII(2)(a), den tsonraíocht. Cuirtear san áireamh anois ann an t-iarratas a cuireadh isteach ar an leibhéal náisiúnta chun aitheantas a fháil ar fhíonta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Maidir leis na sonrúcháin sin “Alsace grand cru” le haghaidh fíonta dearga, bunaíodh leibhéal íosta le haghaidh an mhéid siúcra a bhíonn sna cineálacha éagsúla fíonchaoire tráth a bhuintear iad, agus le haghaidh a neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

Maidir le fíonta geala, méadaíodh na leibhéal íosta le haghaidh mhéid siúcra na bhfionchaora le 2 nó 3 ghram in aghaidh an lítir úrfhíona chun go n-urramófar an éagsúlú 1 % céanna leis an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh gach cineál fíonchaoire, mar a bhí sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe. An comhlacht bainistíochta agus cosanta, roghnaigh sé athrú na ngram siúcra ina n-alcóil a ríomh ar bhonn 17 ngram siúcra a bheith ag táirgeadh 1 % alcóil de réir toirte le haghaidh fíonta geala. Bhí an figiúr 16,83 gram in úsáid sa leagan bunaidh den tsonraíocht. Bhí sé molta ag coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) méid 17 ngram a úsáid nuair a bunaíodh an leagan bunaidh den na sonraíochtaí.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

### 12. **Táirgeachtaí**

I gCaibidil I, Roinn VIII(1) agus (2), den tsonraíocht, laghdaíodh an táirgeacht agus na teorainneacha táirgeachta uasta le haghaidh fíonta geala agus fíonta geala a mbíonn an lipéad “Vendanges Tardives” [Buaine Dhéanach] orthu, i gcomhréir leis an ordlathas sonraíochtaí i réigiún na hAlsáise. Beidh rialú cáilíochta níos fearr ann mar gheall ar an leasú sin.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair le haghaidh na táirgeachta uasta (na teorainneacha táirgeachta uasta).

Cuireadh na focail “Vins blancs” isteach le haghaidh na bhfíonta nach bhfuil tuairisc orthu. Rinneadh amhlaidh mar cuireadh iarratas isteach, ar an leibhéal náisiúnta, chun aitheantas a fháil ar fhíonta dearga socra le haghaidh roinnt sonrúcháin tionscnaimh de chuid “Alsace grand cru”.

Suíodh teorainn na táirgeachta agus an teorainn táirgeachta uasta le haghaidh fíonta dearga i gcomhréir le hordlathas shonrúcháin réigiúnacha na hAlsáise, rud a chiallaíonn go mbíonn na méideanna níos ísle le haghaidh na sonrúcháin “grand cru” sin.

Ní dhéanann na leasuithe is deireanaí a luadh difear don doiciméad aonair.

### 13. **Coipeadh malalachtach, an cion siúcra choipthigh le haghaidh fíonta dearga**

Leagtar síos i gCaibidil I, Roinn IX(1)(c), den tsonraíocht nach mór coipeadh malalachtach a dhéanamh le haghaidh fíonta dearga.

Chun críche chomhlíontacht na rialach sin a sheiceáil, suíodh 0,4 gram mar mhéid uasta an aigéid mhalaigh in aghaidh an lítir tráth an phacáistithe.

Leagtar síos i Roinn IX(1)(d) cion uasta 2 ghram in aghaidh an lítir, tar éis coipthe, le haghaidh siúcraí coiptheacha (glúcós agus fruchtós).

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

### 14. **An neart alcóil nádúrtha íosta, de réir toirte, a thoirmeashtar le haghaidh fíonta dearga, an neart sin a mhéadú**

Leagtar síos i gCaibidil I, Roinn IX(1)(e), den tsonraíocht nár cheart fíonta dearga a shaibhriú ar aon bhealach. Tá feidhm ag an srianadh sin maidir leis an bpróiseas táirgthe. Tá sé sin comhsheasmhach le críochadóireacht dáileachtaí maidir le fíonchaora a fhás, dlús plandála íosta, rialacha prúnála agus táirgeacht shrianta.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

### 15. **Toilleadh na fíonlainne**

I gCaibidil I, Roinn IX(1)(g), den tsonraíocht, laghdaíodh an chomhéifeacht chun toilleadh na fíonlainne a ríomh.

Ní gá go mbeidh toilleadh na fionlainne i gcomhréir le toirt na buainte roimhe ó thaobh cé chomh mór is atá an toirt. Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**16. An dáta aibithe i gcás fionta dearga agus an dáta a cuireadh ar an margadh iad le haghaidh tomhaltóirí**

I gCaibidil I, Roinn IX(2), den tsonraíocht, bunaíodh tréimhse aibithe íosta le haghaidh fionta dearga: go dtí an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na buainte. Chun go gcumasófar léiriú iomlán a gcuid saintréithe, bíonn tréimhse íosta de dhíth le haghaidh na bhfionta a dhéantar as fionchaora de chineál Pinot Noir N a fhaightear as na fíonghoirt sin.

Sonraítear i gCaibidil I, Roinn IX(5)(a), nach féidir, tar éis na tréimhse aibithe, fionta dearga a chur ar an margadh le haghaidh tomhaltóirí go dtí an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na buainte.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**17. Seiceálacha ar bhaisceanna pacáistithe**

I gCaibidil I, Roinn IX(3)(b) den tsonraíocht, scriosadh an riail lenar ceanglaíodh nach mór buidéal shamplacha a choimeád le haghaidh na seiceálacha a dhéantaí ar bhaisceanna pacáistithe.

Is slat tomhais den infhíoraítheacht í an riail sin. Is cuid den phlean seiceála anois í.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**18. Fionta pacáistithe a stóráil**

I gCaibidil I, Roinn IX(4), den tsonraíocht, soláthraítear sonraí breise maidir le saintréithe na háite ina stóráiltear fionta pacáistithe.

Leis an méid sin, cuidítear leis na hoibreoirí an riail sin a chomhlíonadh, agus éascaítear an tseiceáil.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

**19. Tosca daonna a chuireann leis an nasc leis an limistéar geografach**

I gCaibidil I, Roinn X(1)(b), den tsonraíocht, leasaíodh an téacs chun go gcuirfeadh san áireamh gur formheasadh fionta dearga socra le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh ‘Alsace grand cru Hengst’ agus ‘Alsace grand cru Kirchberg de Barr’.

— Cuireadh isteach an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Alsace grand cru Hengst’: fionta dearga a formheasadh in 2022; Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe; is é 5 500 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála íosta chun fion dearg a tháirgeadh; ní cheadaítear saibhriú in aon foirm ar bith; ní mór go mbeidh tréimhse aibithe 10 mí ann.

— Cuireadh isteach an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Alsace grand cru Kirchberg de Barr’: fionta dearga a formheasadh in 2022; Is é Pinot Noir N an t-aon chineál amháin atá údaraithe; is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála íosta chun fion dearg a tháirgeadh; ní cheadaítear saibhriú in aon foirm ar bith; ní mór go mbeidh tréimhse aibithe 10 mí ann.

I Roinn X(1)(b), scriosadh faisnéis gur aithníodh an dá shonrúcháin tionscnaimh sin i dtaca le fionta geala. Cuireadh na focail le haghaidh fionta geala isteach mar bhí gá leo chun an téacs a thuiscint.

Níor athraíodh an doiciméad aonair mar gheall ar na leasuithe sin.

Cuireadh na focail ‘blancs’ agus ‘rosés’ le hainmneacha na gcineálacha éagsúla Muscat à petits grains. Ceartaítear leo siúd dearmad a rinneadh sa leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe. Ní dhéanann na focail a cuireadh leis difear don doiciméad aonair.

**20. Tuairisc ar an bhfion nó ar na fionta:**

I gCaibidil I, Roinn X(2) den tsonraíocht, cuireadh mionsonraí chuma amhairc na bhfionta geala isteach d’fhonn tuairisc níos fearr a thabhairt ar a saintréithe áirithe.

I gcás an chéad dá chineál fiona ar a dtugtar tuairisc: ‘Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fiona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí órga.’

Mionsonraí an dá chineál deiridh fiona: ‘Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fiona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.’

Leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Cuireadh tuairisc isteach ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfionta dearga le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh 'Alsace grand cru Hengst' agus 'Alsace grand cru Kirchberg de Barr'.

Ní dhéanann na tuairiscí sin difear don doiciméad aonair.

## 21. Nasc leis an limistéar geografach

I gCaibidil I, Roinn X(3), den tsonraíocht, maidir le sonrúchán tionscnaimh 'Alsace grand cru Hengst', tá mionsonraí ann faoin nasc idir an tionscnamh geografach agus saintréithe na bhfionta a bhféadfadh feidhm a bheith acu freisin maidir le fionta dearga den sonrúchán sin. Cuireadh leis na mionsonraí sin le faisnéis a bhaineann go sonrach leis na fionta dearga.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

## 22. Bearta idirthréimhseacha

I gCaibidil I, Roinn XI(2), den tsonraíocht, i gcomhréir leis na leasuithe a rinneadh ar Chaibidil I, Roinn VI, scriosadh airde uasta na sreang lena dtugtar tacaíocht do na slata stuacha agus laghdaíodh uimhir uasta na mbachlóg in aghaidh an phlanda.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

## 23. An ceanglas a bhaineann leis an gcion siúcra a chur in iúl ar lipéadú agus ar fhormáidí eile lena dtugtar faisnéis faoi fhíonta geala

Bhí sé mar rogha faoin tsonraíocht a bhí ann roimhe cion an tsiúcra a lua. Cuireadh téacs nua in ionad Roinn XII(2)(d), Caibidil I, den tsonraíocht agus mar gheall ar an téacs sin tá sé éigeantach an cion siúcra a lua, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2019/33.

Agus an fhaisnéis sin ag tomhaltóirí, beidh sé níos fusa leo an cineál fíona a thuiscint.

Níl feidhm ag an riail nua sin maidir le fionta ar a mbíonn na téarmaí traidisiúnta 'Vendanges Tardives' agus 'Sélection de Grains Nobles' [áirítear fíonchaora botraíteasaithe].

Cuireadh le pointe 9 den doiciméad aonair.

Is pointe (e) anois é pointe bunaidh (d) de Roinn XII(2).

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

## 24. Sannadh na ndáileachtaí a dhearbhu roimh ré

I gCaibidil II, Roinn I(1), den tsonraíocht, cuireadh soiléiriú isteach i ndáil leis na rialacha a bhaineann le sannadh na ndáileachtaí a dhearbhu roimh ré. Cuireann oibreoirí dearbhuithe den sórt sin faoi bhráid an chomhlachta um bainistíocht agus cosaint le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh 'Alsace grand cru' nuair a chuireann siad deireadh le táirgeadh faoin sonrúchán.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

### DOICIMÉAD AONAIR

#### 1. Ainm(neacha)

Alsace grand cru Kastelberg”

#### 2. Cineál táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

#### 3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

#### 4. Tuairisc ar an bhfion nó ar na fionta

1.

##### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta socra agus geala atá iontu.

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 12,5 % neart alcóil nádúrtha na bhfionta de réir toirte, agus is é 11 % an neart atá ann le haghaidh cineálacha eile. Maidir leis na fionta a dhéantar as na cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G, ní bhíonn neart alcóil iomláin na bhfionta sin níos mó ná 15 % tar éis a saibhríthe, agus ní bhíonn neart níos mó ná 14 % ag na fionta a dhéantar as cineálacha eile.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Is samplaí den scoth d'fhíonta geala atá oiriúnach lena n-aosú, a mbíonn úire den scoth mar shaintréith acu agus aigéad tartarach i dtreis mar bhonn taca leo mar aon le fionchaora a bhíonn aibithe ar dóigh. Féadfar ainm an tsonrúcháin a fhorlíonadh le hainmneacha coitianta na gcineálacha fionchaoire, ar choinníoll go ndéantar na fionta go heisiach as cineálacha fionchaoire arb fhéidir tagairt a dhéanamh dóibh trí na hainmneacha atá i gceist a úsáid. Tá substaint agus castacht iontach maith ag na fionta sin, tagann dea-bholaithe cumhachtacha uathu agus baineann an-chuid fíneáltachta leo. Fanann a mblas tréimhse fhada sa bhéal, éiríonn siad níos casta de réir a chéile.

Tá dhá chineál fiona ann: — fionta tirime ag a bhfuil ábhar mianaigh; — fionta aramatacha agus atá torthaíoch, olartha agus saibhir. Diandath domhain a bhíonn ar an dá chineál fiona sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí órga.

##### Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

#### 2. Sonrúchán agus na focail “Vendanges Tardives” ina dhiaidh

##### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir leis na fionta is é 16 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, agus is é 14,5 % an neart le haghaidh cineálacha eile.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Is minic a fhaightear dea-bholaithe an-andúchasacha ó na fionta a dtugtar tuairisc orthu mar “Vendanges Tardives”, amhail dea-bholaithe a fhaightear ó thorthaí criostalaithe agus a mbíonn iarbhlás úr orthu. Bíonn siad an-tiubhaithe go deo agus faightear dea-bholaithe fadmharthanacha uathu. Diandath domhain a bhíonn ar na fionta sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.

##### Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

### 3. *Sonrúchán agus na focail “Sélection de Grains Nobles” ina dhiaidh*

#### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 18,2 % neart alcóil nádúrtha na bhfionta de réir toirte, agus is é 16,4 % an neart le haghaidh cineálacha eile.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Na fionta atá i dteideal a bheith lipéadaithe mar “Sélection de Grains Nobles”, bíonn siad níos tiubhaithe agus níos láidre agus is minic a fhaightear dea-bholaithe de thorthaí criostalaithe uathu. Bíonn siad an-tiubhaithe go deo agus faightear dea-bholaithe fadmarthanacha uathu. Diandath domhain a bhíonn ar na fionta sin agus maidir leis an raon datha a bhaineann leo téann sé chomh fada le buí ómra.

#### Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

## 5. **Cleachtais fionóireachta**

### 5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

#### 1. Córais traenála: dlús plandála

An modh saothraithe

Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha.

Níor cheart don fhad idir sraitheanna na bhfíniúnacha a bheith níos mó ná 2 mhéadar.

Maidir le spásáil sa tsraith atá ag na fíniúnacha ní bhíonn sí níos lú ná 0,75 méadar agus ní bhíonn sí níos mó ná 1,50 méadar.

Ón 25 Deireadh Fómhair 2011, maidir le sraitheanna atá laistigh de dháileacht, níor cheart spásáil atá níos leithne ná 3 mhéadar, a bheith idir na sraitheanna tar éis an ghrafa a dhéanamh.

#### 2. Córais traenála: riail phrúnála

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ina Guyot singil nó dúbailte agus 18 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

#### 3. Buaint

An modh saothraithe

Déantar na fionta as fionchaora a bhuanantar de láimh.

#### 4. Méadú ar neart an alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Cleachtas fíoneolaíochta sonracha

Aon mhéadú ar neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte, níor cheart dó na céatadáin a leanas a shárú:

0,5 % le haghaidh fionta a dhéantar as cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G,

1.5 % le haghaidh fionta a dhéantar as cineálacha eile.

Fionta atá incháilithe leis na téarmaí “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, níor cheart iad a shaibhriú.

## 5. Táirgeadh

Srian maidir le fionóireacht

Toirmiscear sliseanna adhmaid a úsáid.

## 6. Na fionta a aibiú

Cleachtas fíoneolaíochta sonracha

Ní mór na fionta a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den chéad bhliain eile tar éis na buainte ar a laghad.

Fionta atá incháilithe leis na téarmaí “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, ní mór iad a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den dara bliain tar éis na buainte ar a laghad.

### 5.2. Uastáirgeacht

1. Sonrúchán leis an téarma breise “Vendanges Tardives” nó gan an téarma sin

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Sonrúchán agus na focail “Sélection de Grains Nobles” ina dhiaidh

48 heictilítear in aghaidh an heicteáir

## 6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fionchaora a bhuaib agus na fionta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aibiú sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— Roinn Haute-Rhin: Bardais iomlána: Ammerschwihr, Beblenheim, Bennwihr, Bergheim, Bergholtz, Eguisheim, Guebreschwihr, Guebwiller, Hattstatt, Hunawihr, Ingersheim, Katzenthal, Mittelwihr, Niedermorschwihr, Orschwihr, Pfaffenheim, Ribeauvillé, Riquewihr, Rodern, Rouffach, Saint-Hippolyte, Soultzmatt, Thann, Turckheim, Vieux-Thann, Voegtlinshoffen, Westhalten, Wettolsheim, Wintzenheim, Wuenheim agus Zellenberg.

Na bardais atá san áireamh go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhordais tharmligthe Kintzheim agus Sigolsheim amháin.

— Roinn Bas-Rhin: Andlau, Barr, Bergbieten, Blienschwiller, Dahlenheim, Dambach-la-Ville, Eichhoffen, Kintzheim, Marlenheim, Mittelbergheim, Molsheim, Nothalten, Scharrachbergheim-Irmstett agus Wolxheim.

Rinneadh léarscáil ina shainítear teorainneacha an limistéir geografaigh a thaisceadh le húdarais bhordasacha na mbordas a áiríodh go páirteach.

Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a aimsiú ar shuíomh gréasáin (INAO).

## 7. Cineál/cineálacha fíniúna

Gewurztraminer Rs

Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Pinot Gris G

Riesling B

## 8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

A bhú leis na dálaí aeráide a ghabhann le fíonghoirt na hAlsáise, baineann sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace grand cru Kastelberg” tairbhe as ceann de na suíomhanna is fearr. Agus iad neadaithe i ndúiche phictiúrtha na hAlsáise, cuidíonn na fíonghoirt le táirgeadh fionta a lé bhfuil saintréithe sonracha agus a pearsantacht acu.

Leis na hithreacha scealla tugtar chun cinn acmhainneachtaí an *grand cru* a léirítear le blas mianrach taitneamhach, arb iad a thagann astu sin fionta tathagacha mór le rá macánta.

Mar gheall ar na dálaí aeráide den scoth a bhíonn ann ag deireadh an tséasúir, is féidir le torthaí na fíniúna éirí tiubh agus féadann an lobhadh usal forbairt. Dá thoradh sin, is féidir fionta a tháirgeadh as fionchaora a bhuintear nuair a bhíonn siad ró-aibí.

De bharr na tréimhse aibithe mar a leagtar síos sa tsonraíocht í, cumasaítear feabhsú na bhfionta.

Tá rialacha diana ann maidir leis an táirgeadh, amhail ceannbhrat leathan a chothabháil agus buaint a dhéanamh de láimh. Trí na rialacha sin a ghlacadh, caomhnaíonn fionsaothraithe na hAlsáise carachtar seanbhunaithe na bhfionta, a bhfuil clú orthu mar gheall ar a gcastacht agus chomh oiriúnach is atá siad lena gcoinneáil i bhfad.

Is iad na fionta is fearr as fionta an réigiúin seo. Tá meas níos airde ag daoine ar na fionta sin ná mar atá acu ar fhionta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace” acu.

Ina shaothar dar teideal *Premières notions de viticulture et d'œnologie* [Coincheapa bunúsacha fíonóireachta agus fíoneolaíochta], a foilsíodh in 1847, scríobh Jean Louis Stoltz gur breá an *vin de garde* Kastelberg (fíon atá in oiriúint don aosú). Aicmíodh Kastelberg freisin mar cheann de na príomhlimistéir in aicmiú oifigiúil 1852 sa saothar dar teideal *Ampélographie rhénane* [Sainaitheint agus aicmiú fíniúna na Réine].

I saothar Médard Barth dar teideal *Der Rebbau des Elsass und die Absatzgebieten seiner Weine*, a scríobhadh in 1958, moladh go hard an *lieu-dit* sin, a bhfuil clú air inniu.

## 9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainmhíniú ag maolú maidir le fíonóireacht, próiseáil agus aibiú fionta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— Roinn Haute-Rhin: Bardais iomlána: Bergholtz-Zell, Berrwiller, Buhl, Cernay, Colmar, Gundolsheim, Hartmanswiller, Herrlisheim, Houssen, Husseren-les-Châteaux, Jungholtz, Leimbach, Obermorschwihr, Osenbach, Ostheim, Rorschwihr, Sultz, Steinbach, Uffholtz, Walbach, Wattwiller, Wihr-au-Val agus Zimmerbach.

Na bardais atá san áireamh go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhardas tarmiligthe Kayserberg amháin.

— Roinn Bas-Rhin: Albé, Avolsheim, Balbronn, Bernardswiller, Bernardvillé, Bischoffsheim, Boersch, Bourgheim, Châtenois, Cleebourg, Dachstein, Dangolsheim, Dieffenthal, Dorlisheim, Eptfig, Ergersheim, Ernolsheim-Bruche, Fessenheim-le-Bas, Flexbourg, Furdenheim, Gertwiller, Gimbrett-Berstett, Goxwiller, Heiligenstein, Itterswiller, Kienheim, Kirchheim, Kuttolsheim, Mittelhausen, Mutzig, Nordheim, Oberhoffen-les-Wissenbourg, Obernai, Odratzheim, Orschwiller, Osthoffen, Ottrott, Petersbach, Reichsfeld, Riedseltz, Rosenwiller, Rosheim, Rott, Saint-Nabor, Saint-Pierre, Scherwiller, Seebach, Sultz-les-Bains, Steinseltz, Stotzheim, Strasbourg, Traenheim, Villé, Wangen, Westhoffen, Wissembourg agus Zellwiller.

Pacáistiú sa limistéar

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll



Déantar na fionta a phacáistiú i mbuidéil “Vin du Rhin”, i gcomhréir le Forairthne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955, Ordú an 13 Bealtaine 1959 agus Forairthne an 19 Márta 1963. Ní cheadaítear buidéal d’aon chineál eile.

Ó tugadh isteach dlí an 5 Iúil 1972, ní mór na fionta a chur i mbuidéil arda, chaola “Vin du Rhin” i ranna Bas-Rhin agus Haut-Rhin, mar a leagtar síos i bhForairthne 1955.

An bhliain fíona a shonrú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór don bhliain, mar aon le hainm an tsonrúcháin, a bheith le feiceáil in aon dearbhú a bhaineann le buaint agus stoc, in aon doiciméid tacaíochta nó poiblíocht, agus ar aon bhileoga, lipéid, sonraisc nó gabhdáin.

Ainm coitianta

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Is féidir ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh le ceann d’ainmneacha coitianta chineálacha na fíonchaoire, ar choinníoll go ndéantar na fionta go heisiach as cineálacha fíonchaoire arbh fhéidir tagairt a dhéanamh dóibh tríd an ainm i gceist a úsáid.

Tá toirmeasc ar dhá cheann nó níos mó d’ainmneacha coitianta a úsáid ar an lipéad céanna.

Seo a leanas na hainmneacha coitianta sin:

Gewürztraminer

Muscat

Muscat Ottonel

Pinot Gris

Riesling.

Téarmaí traidisiúnta “Vendanges Tardives” agus “Sélection de Grains Nobles”

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Maidir le fionta ar incháilithe iad leis an téarma “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles” a bheith ag gabháil leo, ní mór an méid seo a leanas a chur in iúl freisin:

— an bhliain fíona

— ceann d’fhoirmeacha coitianta ainm chineál na fíonchaoire.

Sonrú ar an gcion síúcra

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór an cion siúcra, mar a shainítear le dlí an Aontais, a lua go soiléir i gcás fionta geala a n-éilítear ceann de na 51 sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Alsace Grand Cru - lieu-dit” ina leith faoi théarmaí na sonraíochta sin. Bíonn feidhm aige sin nuair a chuirtear fionta den sórt sin i láthair faoin sonrúchán réamhluaite agus nuair a chuirtear ar fáil don phobal iad, nuair a sheoltar iad, nuair a thairgtear iad lena ndíol nó nuair a dhíoltar iad; rud nach féidir a dhéanamh mura bhfuil cion an tsiúcra luaite i ngach píosa poiblíochta, gach bileog, lipéad, sonrasc nó gabhdán a bhaineann leis. Níl feidhm ag an méid sin maidir le fionta ar a mbíonn na lipéid “Vendanges Tardives” nó “Sélection de Grains Nobles”.

### **Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-4cec3ff9-abd4-4253-a1db-245ddd809faa](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-4cec3ff9-abd4-4253-a1db-245ddd809faa)

---



ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)